Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

2025/0241(COD)

12.6.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0560 – C10-0169/2025 – 2025/0241(COD))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir don tuairim: Norbert LINS

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 103

IARSCRÍBHINN DEARBHÚ IONCHUIR 104

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0560 – C10-0169/2025 – 2025/0241(COD))

(An Gnáthnós Imeachta Reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0560),
- ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0169/2025),
- ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,
- ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Seanad na Rómáine, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
- ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Eanáir 2026[1],
- ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an xx Meitheamh 2026[2],
- ag féachaint do thuairim ón gCúirt Iniúchóirí an 9 Feabhra 2026[3],
- ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Fhorbairt (A10-XX/202X),
- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A10-XX/202X),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[3] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) I gcomhréir leis an gcuspóir cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir dreasachtaí agus ceanglais, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht a dhíriú, trína bPleananna CNR ar thosaíochtaí CBT, atá bunriachtanach d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na talmhaíochta. Ba cheart do CBT tar éis 2027 dlús a chur leis an aistriú i dtreo modhanna táirgthe níos inbhuanaithe, rud a rannchuideodh leis an gcuspóir aeráidneodrachta faoi 2050. ***Ba cheart don CBT nua luach saothair níos fearr a chur ar fáil as seirbhísí éiceachórais níos uaillmhianaí a sholáthar a théann níos faide ná na torthaí a bhaintear amach trí cheanglais shainordaitheacha. Leis an CBT nua, ba cheart cothromaíocht nua a bhaint amach idir maoirseacht feirme le sraith ceanglas sainordaitheach, agus gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide a thacaíonn le gealltanais a théann chun tairbhe don chomhshaol, don aeráid agus do leas ainmhithe agus le haistriú i dtreo córais táirgthe níos athléimní.***	(7) I gcomhréir leis an gcuspóir cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir dreasachtaí agus ceanglais, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht a dhíriú, trína bPleananna CNR ar thosaíochtaí CBT, atá bunriachtanach d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na talmhaíochta. Ba cheart do CBT tar éis 2027 dlús a chur leis an aistriú i dtreo modhanna táirgthe níos inbhuanaithe, rud a rannchuideodh leis an gcuspóir aeráidneodrachta faoi 2050, ***ós rud é go bhféadfadh earnáil na feirmeoireachta astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht agus ó úsáid talún a laghdú***.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) ***Ba cheart an mhaoirseacht feirme a bhunú chun a ráthú go gcomhlíonfaidh tacaíocht CBT an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó***	(8) Ba cheart íoscheanglais coinníollachta comhshaoil agus sóisialta a bheith sa mhaoirseacht feirme, chomh maith le ***catalóg de*** chleachtais chosanta arna gceapadh ag na Ballstáit chun

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[7]*. Ba cheart íoscheanglais coinníollachta comhshaoil agus sóisialta a bheith sa mhaoirseacht feirme, chomh maith le cleachtais chosanta arna gceapadh ag na Ballstáit chun príomhchuspóirí a bhaint amach amhail ithreacha agus cúrsaí abhann a chosaint ar thruailliú. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag na Ballstáit na cleachtais chosanta sin a chur in oiriúint dá gcomhthéacs sonrach geografach agus aeráide agus dá gcórais shonracha táirgthe, lena n-áirítear trí dhíolúintí a bhunú. Chun talmhaíocht atá inbhuanaithe go sóisialta a chur chun cinn, ceanglaítear le híocaíochtaí áirithe CBT go gcomhlíonfar caighdeáin maidir le dálaí oibre agus fostaíochta, sábháilteacht agus sláinte ceirde. Ba cheart an Chairt Eorpach agus creataí náisiúnta agus samhlacha éagsúla sa mhargadh saothair a urramú, níor cheart aon oibleagáid bhreise a fhorchur ar chomhpháirtithe sóisialta ná ar na Ballstáit maidir le forfheidhmiú nó rialuithe agus ceartúcháin dhúbailte a sheachaint.

príomhchuspóirí a bhaint amach amhail ithreacha agus cúrsaí abhann a chosaint ar thruailliú. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag na Ballstáit na cleachtais chosanta sin a chur in oiriúint dá gcomhthéacs sonrach geografach agus aeráide agus dá gcórais shonracha táirgthe, lena n-áirítear trí dhíolúintí a bhunú. ***Mar sin féin, is gá a áirithiú go n-oibreoidh feirmeoirí laistigh de Bhallstáit aonair agus laistigh den Aontas faoi dhálaí iomaíocha inchomparáide***. Chun talmhaíocht atá inbhuanaithe go sóisialta a chur chun cinn, ceanglaítear le híocaíochtaí áirithe CBT go gcomhlíonfar caighdeáin maidir le dálaí oibre agus fostaíochta, agus maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde. Ba cheart an Chairt Eorpach agus creataí náisiúnta agus samhlacha éagsúla sa mhargadh saothair a urramú, níor cheart aon oibleagáid bhreise a fhorchur ar chomhpháirtithe sóisialta ná ar na Ballstáit maidir le forfheidhmiú nó rialuithe agus ba cheart go ndéanfar ceartúcháin dhúbailte a sheachaint. ***Ní bheidh ualaí maorlathacha méadaithe ar fheirmeoirí an Aontais mar thoradh ar mhaoirseacht feirme ná ní cheadófar athnáisiúnú CBT léi.***

---

*[7] **Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.***

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart go leanfadh tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí de bheith ina hionstraim beartais lárnach chun ioncam cothrom a ráthú d'fheirmeoirí agus d'fheirmeoireacht inbhuanaithe agus do tháirgeadh bia. Ba cheart di rannchuidiú le hearnáil talmhaíochta iomaíoch athléimneach a chothú a shaothraíonn na tairbhí a bhaineann le táirgeadh ardcháilíochta agus le héifeachtúlacht acmhainní, agus athnuachan ó ghlúin go glúin agus, ar an gcaoi sin, slándáil fhadtéarmach bia á n-áirithiú an tráth céanna. Ba cheart leithdháiltí tacaíochta ioncaim a imfhálú le húsáid le haghaidh tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí amháin, chun cobhsaíocht agus intuarthacht a chur ar fáil d'earnáil talmhaíochta an Aontais. Chun ardtionchar agus éifeachtúlacht a áirithiú, ba cheart bosca uirlisí cuíchóirithe agus comhsheasmhach de chineálacha idirghabhála tacaíochta ioncaim a bheith i gceist le CBT nua lena gcuirfear ar chumas na mBallstát cuspóirí CBT a bhaint amach.	(9) Ba cheart go leanfadh tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí de bheith ina hionstraim beartais lárnach chun ioncam cothrom a ráthú d'fheirmeoirí agus d'fheirmeoireacht inbhuanaithe agus do tháirgeadh bia. Ba cheart di rannchuidiú le hearnáil talmhaíochta iomaíoch athléimneach a chothú a shaothraíonn na tairbhí a bhaineann le táirgeadh ardcháilíochta agus le héifeachtúlacht acmhainní, agus ***ardchaighdeáin leasa ainmhithe***, agus athnuachan ó ghlúin go glúin agus, ar an gcaoi sin, slándáil fhadtéarmach bia á n-áirithiú an tráth céanna. Ba cheart leithdháiltí tacaíochta ioncaim a imfhálú le húsáid le haghaidh tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí amháin, chun cobhsaíocht agus intuarthacht a chur ar fáil d'earnáil talmhaíochta an Aontais. Chun ardtionchar agus éifeachtúlacht a áirithiú, ba cheart bosca uirlisí cuíchóirithe agus comhsheasmhach de chineálacha idirghabhála tacaíochta ioncaim a bheith i gceist le CBT nua lena gcuirfear ar chumas na mBallstát cuspóirí CBT a bhaint amach.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ós rud é gur gá an tacaíocht a dhíriú orthu siúd is mó atá i ngátar, níor cheart do na Ballstáit an tacaíocht ioncaim ***chéimlaghdaitheach*** limistéarbhunaithe a íoc ach amháin leis na daoine sin arb í an talmhaíocht a bpríomhghníomhaíocht, agus a áirithiú an tráth céanna nach n-eisiafar feirmeoirí beaga agus ilghníomhacha atá ag gabháil d'íosleibhéal gníomhaíochta	(10) Ós rud é gur gá an tacaíocht a dhíriú orthu siúd is mó atá i ngátar, níor cheart do na Ballstáit an tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe a íoc ach amháin leis na daoine sin arb í an talmhaíocht a bpríomhghníomhaíocht, agus a áirithiú an tráth céanna nach n-eisiafar feirmeoirí beaga agus ilghníomhacha atá ag gabháil d'íosleibhéal gníomhaíochta talmhaíochta

talmhaíochta ar a laghad.	ar a laghad.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) Ba cheart feidhm a bheith ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir leis an tacaíocht faoin Rialachán seo. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 42 CFAE, i bhfianaise shaintréithe sonracha earnáil na talmhaíochta, níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le tacaíocht a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE a dhéantar faoin Rialachán seo, faoi Rialachán (AE) 202X/XXXX [Rialachán maidir le CNR] nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2012 agus a dhéantar i gcomhréir leis na Rialacháin sin, agus níor cheart feidhm a bheith acu maidir le maoiniú náisiúnta breise le haghaidh na n-idirghabhálacha sin i gcás ina dtagann an tacaíocht ón Aontas faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE.

Or. en

Réasúnú

(sean-Aithris 59 CNR maidir le CBT)

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Agus aitheantas á thabhairt don ghá	(11) Agus aitheantas á thabhairt don ghá

atá le hathléimneacht feirme agus bainistiú riosca, ba cheart tacaíocht a thabhairt chun feabhas a chur ar chumas feirmeoirí rioscaí agus géarchéimeanna atá ag dul i méid a sheasamh, amhail na rioscaí agus na géarchéimeanna sin a bhaineann leis an athrú aeráide nó le héagobhsaíocht an mhargaidh, chun cur ar chumas feirmeoirí páirt a ghlacadh in uirlisí bainistithe riosca, lena n-áirítear tacaíocht do phréimheanna árachais agus ranníocaíochtaí le cistí frithpháirteacha sna Ballstáit uile. Ba cheart cur chuige réamhghníomhach maidir le bainistiú riosca lena dtreisítear athléimneacht na hearnála a chur chun cinn trí uasrátaí tacaíochta iomchuí a shocrú, le dreasachtaí d'fheirmeoirí a chuireann bearta coisctheacha riosca chun feidhme.

atá le hathléimneacht feirme agus bainistiú riosca, ba cheart tacaíocht a thabhairt chun feabhas a chur ar chumas feirmeoirí rioscaí agus géarchéimeanna atá ag dul i méid a sheasamh, amhail na rioscaí agus na géarchéimeanna sin a bhaineann leis an athrú aeráide nó le héagobhsaíocht an mhargaidh, chun cur ar chumas feirmeoirí páirt a ghlacadh in uirlisí bainistithe riosca, lena n-áirítear tacaíocht do phréimheanna árachais agus ranníocaíochtaí le cistí frithpháirteacha sna Ballstáit uile. Ba cheart cur chuige réamhghníomhach maidir le bainistiú riosca lena dtreisítear athléimneacht na hearnála a chur chun cinn trí uasrátaí tacaíochta iomchuí a shocrú, le dreasachtaí d'fheirmeoirí a chuireann bearta coisctheacha riosca chun feidhme. ***Tá glacadh árachais agus rannpháirtíocht feirmeoirí i scéimeanna bainistithe riosca fós teoranta agus níl siad tarraingteach go leor, go háirithe mar gheall ar neamhdhóthanacht modhanna áirithe chun caillteanais a ríomh. Chun iad a chothú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann foráil a dhéanamh maidir le modhanna malartacha iomchuí chun caillteanas a ríomh.***

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ba cheart cuspóirí CBT a shaothrú freisin trí thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag feirmeoirí agus sealbhóirí foraoise. Féadfaidh infheistíochtaí den sórt sin a bheith bainteach, inter alia, le bonneagair a bhaineann le forbairt, nuachóiriú nó oiriúnú don athrú aeráide a bhaineann leis an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht,	(12) Ba cheart cuspóirí CBT a shaothrú freisin trí thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag feirmeoirí agus sealbhóirí foraoise. Féadfaidh infheistíochtaí den sórt sin a bheith bainteach, inter alia, le bonneagair a bhaineann le forbairt, nuachóiriú nó oiriúnú don athrú aeráide a bhaineann leis an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht,

cleachtais agrafhoraoiseachta, fuinneamh agus uisce, suiteáil teicneolaíochtaí digiteacha sa talmhaíocht, feirmeoireacht bheacht, éagsúlú foinsí ioncaim i ngníomhaíochtaí eile amhail an agrathurasóireacht agus an bithgheilleagar. Ba cheart a bheith in ann freisin tacú le hinfheistíochtaí chun acmhainn táirgthe talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha, lena n-áirítear dóiteáin, stoirmeacha, tuilte, lotnaidí agus galair.	d'fhonn ***iomaíochas a fheabhsú, poist nua-aimseartha a chruthú, teicneolaíochtaí nuálacha a thabhairt isteach, agus leas ainmhithe***, cleachtais agrafhoraoiseachta, fuinneamh agus uisce ***a fheabhsú***, teicneolaíochtaí digiteacha a shuiteáil sa talmhaíocht, feirmeoireacht bheacht, éagsúlú foinsí ioncaim i ngníomhaíochtaí eile amhail an agrathurasóireacht agus an bithgheilleagar. ***Chun iomaíochas gnólachtaí talmhaíochta a áirithiú, tá gá le hinfheistíochtaí sa bhonneagar réigiúnach próiseála agus margaíochta freisin***. Ba cheart a bheith in ann freisin tacú le hinfheistíochtaí chun acmhainn táirgthe talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha, lena n-áirítear dóiteáin, stoirmeacha, tuilte, lotnaidí agus galair.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) Ba cheart feabhsuithe ar leas ainmhithe a aithint mar infheistíocht straitéiseach lena dtacaítear le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil beostoic an Aontais, lena rannchuidítear leis an tslándáil bia, lena gcabhraítear le hioncam feirmeoirí a chobhsú agus lena dtacaítear le feirmeoirí iad féin a chur in oiriúint d'éilimh na sochaí. I gcomhréir le hAirteagal 13 CFAE, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit lánaird a thabhairt ar leas ainmhithe agus beartais talmhaíochta á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu. Le cleachtais

feirmeoireachta lena bhfeabhsaítear leas ainmhithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, feabhsuithe ar shláinte ainmhithe, fad saoil méadaithe, dálaí tithíochta níos fearr nó níos mó spáis, d'fhéadfaí rioscaí mortlaíochta agus galair a laghdú a thuilleadh, stóinseacht ainmhithe a neartú agus tacú le táirgeadh níos cobhsaí. Trí chaillteanais inseachanta a laghdú agus sláinte ainmhithe a fheabhsú, cuidíonn na cleachtais sin le hioncam feirme a chobhsú, bainistiú riosca a neartú agus tacú le hinmharthanacht agus iomaíochas fadtéarmach earnáil beostoic an Aontais, agus rannchuidíonn siad freisin lena cuspóirí aeráide agus comhshaoil. Mar sin féin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar iomaíochas fheirmeacha an Aontais ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda araon, agus ar na gnéithe eacnamaíocha a eascraíonn as ardchaighdeáin leasa ainmhithe a chur chun feidhme. Is gá acmhainní leordhóthanacha airgeadais a shainaithint chun caighdeáin níos airde leasa ainmhithe a chur i bhfeidhm chun inmharthanacht feirmeacha a áirithiú agus chun ioncam cothrom a ráthú d'fheirmeoirí, gan costais dhíréireacha a fhorchur ar thomhaltóirí, chomh maith le cur ar chumas grúpaí leochaileacha rochtain a fháil ar bhéile cothaitheach gach lá.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1– mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun comhbheartas talmhaíochta láidir, inbhuanaithe agus athléimneach, slándáil bia an Aontais, athnuachan ó ghlúin go	Chun comhbheartas talmhaíochta láidir, inbhuanaithe agus athléimneach, slándáil bia an Aontais, athnuachan ó ghlúin go

glúin ***agus*** ceantair thuaithe bhríomhara a áirithiú, leagtar síos leis an Rialachán seo coinníollacha sonracha maidir le tacaíocht ón Aontas don chomhbheartas talmhaíochta (CBT) a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcuspóir ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2, pointe (c), de Rialachán (AE) [...] [CNR].	glúin, limistéir thuaithe bhríomhara ***agus bithgheilleagar rathúil a áirithiú***, leagtar síos leis an Rialachán seo coinníollacha sonracha maidir le tacaíocht ón Aontas don chomhbheartas talmhaíochta (CBT) a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcuspóir ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2, pointe (c), de Rialachán (AE) [...] [CNR].
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 1a
	Sainmhínithe
	Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
	(1) Ciallaíonn 'feirmeoir':
	(i) duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a ghabháltas lonnaithe san Aontas agus ar gníomhaíocht talmhaíochta í a phríomhghníomhaíocht, mar a shainmhínítear na Ballstáit i gcaibidil CBT dá bPleananna CNR, dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán CNR, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo; nó
	(ii) duine nádúrtha nó duine dlítheanach beag, nach í an talmhaíocht a phríomhghníomhaíocht, ach atá ag gabháil d'iosleibhéal gníomhaíochta talmhaíochta ar a laghad, mar atá sainithe ag na Ballstáit;
	(2) ciallaíonn 'tairbhí' i gcomhthéacs chur chun feidhme LEADER duine nádúrtha nó dlítheanach nó eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, atá bunaithe nó a oibríonn laistigh den limistéar a chumhdaítear leis

an straitéis ábhartha forbartha áitiúla agus a rannchuidíonn le cur chun feidhme na straitéise sin, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus gníomhaithe áitiúla eile;

(3) cinnfear 'feirmeoir gníomhach' ar bhealach ina gcuimseofar go príomha feirmeoirí a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta ar a ngabháltas. Measfar gur feirmeoirí freisin iad feirmeoirí gníomhacha, arb í an ghníomhaíocht talmhaíochta a bpríomhghníomhaíocht, ach a bhíonn ag gabháil d'íosleibhéal gníomhaíochta talmhaíochta ar a laghad, mar atá leagtha amach ag na Ballstáit.

(4) ciallaíonn 'oibríocht' íocaíocht a dheonaítear d'fheirmeoirí nó do thairbhithe eile faoi idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 5 [Cineálacha tacaíochta], pointí (a) go (g), (o) agus (p) den Rialachán seo;

(5) ciallaíonn 'feirmeoir nua' feirmeoir seachas feirmeoir óg agus atá i gceannas ar an ngabháltas den chéad uair, gan beann ar fhoirm dhlíthiúil an ghabháltais talmhaíochta;

(6) ciallaíonn 'feirmeoireacht orgánach' córas táirgthe orgánaigh a deimhníodh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];

(7) ciallaíonn 'gabháltas' na haonaid uile a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta, arna mbainistiú ag feirmeoir agus atá lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna, agus laistigh de raon feidhme críochach na gConarthaí, mar a leagtar síos in Airteagal 52 CAE agus in Airteagail 349 agus 355 CFAE;

(8) ciallaíonn 'Córas um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta' an

chomheagraíocht agus na sreabha eolais idir daoine, eagraíochtaí agus institiúidí a úsáideann agus a tháirgeann eolas agus nuálaíochtaí le haghaidh na talmhaíochta agus le haghaidh réimsí idirghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán seo.

(9) ciallaíonn 'na hoileáin bheaga Aeigéacha' aon oileán sa Mhuir Aeigéach, seachas an Chréit agus Evia.

[1a] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

Or. en

Réasúnú

(sean-Airteagal 4 pointí 14, 15, 17, 23 den Rialachán maidir le CNR + sainmhíniú. 'feirmeoir gníomhach' litir VdL + Airteagal 4(3c), (9c), (16) agus leasaithe den Rialachán maidir le CNR); téacs nua: (2) tairbhí an tsainmhínithe i gcomhthéacs LEADER; (5) cuireadh isteach 'gan beann ar fhoirm dhlíthiúil an ghabháltais talmhaíochta'; cuireadh isteach ceartúchán teanga.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Article 1b
	Sainmhínithe atá le soláthar sna Pleananna CNR
	1. Bunóidh na Ballstáit i gcaibidil CBT dá bPleananna CNR, dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán CNR, a sainmhínithe ar 'gníomhaíocht

talmhaíochta', 'limistéar talmhaíochta', 'heicteár incháilithe', agus 'feirmeoir óg' i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus le prionsabal na comhréireachta, agus gan beann ar fhoirm dhlíthiúil aon duine lena mbaineann.

2. cinnfear an sainmhíniú ar 'gníomhaíocht talmhaíochta' trí cheann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas, nó tríd an dá cheann:

(a) táirgeadh táirgí talmhaíochta, arb é atá i gceist leis na gníomhaíochtaí uile atá dírithe ar na táirgí sin a fháil; i gcás ina gciallaíonn táirgí talmhaíochta táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, cé is moite de tháirgí iascaigh, mar aon le cadás agus roschoill ghearruainíochta agus táirgí a tháirgtear trí riascshaothrú;

(b) cothabháil limistéar talmhaíochta, arb é atá i gceist leis na gníomhaíochtaí atá dírithe ar an talamh a choinneáil i riocht atá oiriúnach don innilt nó don saothrú; i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar chúiseanna a bhaineann le leas ainmhithe nó leis an gcomhshaol, féadfar a mheas gur 'cothabháil' é innilt fhairsing limistéir talmhaíochta nach n-eascróidh méadú ar tháirgeacht talmhaíochta na bhfeirmeoirí lena mbaineann aisti.

3. sainmhíneofar an sainmhíniú ar 'limistéar talmhaíochta' ar bhealach nach gcuimseofar ann ach talamh a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta, lena n-áirítear nuair is córas agrafhoraoiseachta é an talamh sin.

4. Déanfar an sainmhíniú ar 'heicteár incháilithe' dá dtagraítear sa chéad mhír a shainmhíniú sa chaoi nach gcuimseofar ach limistéir arna saothrú ag an bhfeirmeoir:

(a) limistéir thalmhaíochta ar a ndéantar gníomhaíocht talmhaíochta faoi rialú an fheirmeora agus, má dhéantar

gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta sna limistéir sin freisin, arb í an ghníomhaíocht talmhaíochta sin an phríomhghníomhaíocht;

(b) limistéir dá dtugtar tacaíocht faoi Airteagal 5, pointí (a) agus (g), [tacaíocht ioncaim, feirmeoirí beaga] den Rialachán seo, nó faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta faoi Theideal III, Caibidil II, Roinn 2, Foroinn 2, [BISS [gach teidlíocht san áireamh], scéim na bhfeirmeoirí beaga], de Rialachán (AE) 2021/2115, i gcás nach ndéantar gníomhaíocht talmhaíochta mar gheall ar ghealltanais agus oibleagáidí a eascraíonn as idirghabhálacha an Aontais nó idirghabhálacha náisiúnta nó as cláir eile a rannchuidíonn le cuspóirí sonracha CBT a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gnéithe tírdhreacha, agus eilimintí eile, amhail agravoltaic, a áireamh sa choincheap 'heicteár incháilithe', ar gnéithe tírdhreacha iad nach gcumhdaítear leis na gealltanais agus na scéimeanna dá dtagraítear i bpointe (b), ar choinníoll nach gcuireann na gnéithe tírdhreacha sin agus na heilimintí eile isteach go mór ar fheidhmíocht na gníomhaíochta talmhaíochta agus nach bhfuil siad ceannasach ar an dáileacht talmhaíochta;

5. Sainmhíneofar an sainmhíniú ar 'feirmeoir óg' ar bhealach lena gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

(a) go bhfuil an feirmeoir 40 bliain d'aois nó níos óige;

(b) gurb é an feirmeoir 'ceann gabháltais'.

I gcás ina meastar go dtagann feirmeoir faoin sainmhíniú ar 'feirmeoir óg' tráth na chéad rochtana ar thacaíocht, coinneofar an stádas sin ar feadh thréimhse iomlán na hincháilitheachta

	arna bunú faoin scéim tacaíochta ábhartha, is cuma má sháraíonn an feirmeoir an uasteorainn aoise ina dhiaidh sin.

Or. en

(sean-Airteagal 4, pointe 22 den Rialachán maidir le CNR) agus arna leasú; (1) cuireadh isteach 'beag beann ar a bhfoirm dhlíthiúil'; (2a) 'agus táirgí a tháirgtear trí riascshaothrú'; (4) scriosadh 'atá ar fáil don fheirmeoir agus ar comhréiteach é'; cuireadh isteach 'arna shaothrú ag an bhfeirmeoir'; (4a) scriosadh 'i dtéarmaí bainistíochta, sochar agus rioscaí airgeadais'; (4c) 'agus eilimintí eile, amhail agra-fótavoltachas', 'agus eilimintí eile'; (5a) scriosadh 'socraithe idir 35 bliana d'aois agus'), cuireadh isteach ceartúchán teanga

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT lena dtabharfar treoraíocht do gach Ballstát maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha atá ábhartha do CBT a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) [...] [CNR], laistigh dá bPleananna CNR i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán sin ***sula gcuirfidh*** na Ballstáit Pleananna CNR ***isteach***. Beidh moltaí náisiúnta CBT bunaithe ar an méid seo a leanas:	Glacfaidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT ***de bhun Airteagal 288 CFAE*** lena dtabharfar treoraíocht do gach Ballstát maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha atá ábhartha do CBT a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) [...] [CNR], laistigh dá bPleananna CNR i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán sin ***6 mhí ar a laghad roimh an spriocdháta chun*** pleananna NRP ***a chur isteach*** ag na Ballstáit, ***agus a éagothromaíochtaí réigiúnacha ar leibhéal NUTS 2 á gcur i gcuntas***. Beidh moltaí náisiúnta CBT bunaithe ar na ***gnéithe*** seo a leanas:

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) feabhas a chur ar an rochtain ar eolas agus dlús a chur leis an nuálaíocht agus leis an aistriú digiteach d'earnáil agraibhia rathúil.	feabhas a chur ar an rochtain ar eolas agus dlús a chur leis an nuálaíocht agus leis an aistriú digiteach d'earnáil agraibhia rathúil, ***lena n-áirítear rochtain ar réitigh dhigiteacha agus bheacht-fheirmeoireachta***.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) beogacht eacnamaíoch na gceantar tuaithe a fheabhsú.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT a thabhairt cothrom le dáta, ***de réir mar is iomchuí***.	Féadfaidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT a thabhairt cothrom le dáta ***i dtaca leis an athbhreithniú meántéarma dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán CNR***.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Bunóidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT ar anailís ar staid na hearnála talmhaíochta ***agus*** na gceantar tuaithe, lena n-áirítear tosca déimeagrafacha, saintréithe struchtúracha agus críochacha chomh maith le slándáil bia i ngach Ballstát.	2. Bunóidh an Coimisiún moltaí náisiúnta CBT ar anailís ar staid na hearnála talmhaíochta ***agus*** na gceantar ***agus na réigiún tuaithe, chomh maith le beogacht na bpobal tuaithe***. Áireofar san anailís sin na tosca déimeagrafacha, na saintréithe struchtúracha agus críochacha agus an tslándáil bia i ngach Ballstát.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I moltaí náisiúnta CBT, ***sainaithneoidh*** an Coimisiún ***go háirithe*** na príomhdhúshláin nach mór do gach Ballstát aghaidh a thabhairt orthu ina bPlean CNR, ar bhonn na gcuspóirí sonracha a bhaineann le CBT a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) [...] [CNR].	3. ##] ~I moltaí náisiúnta CBT, ***féadfaidh*** an Coimisiún na príomhdhúshláin a shainaithint nach mór do gach Ballstát ***agus dá réigiúin faoi seach*** aghaidh a thabhairt orthu ina bPlean CNR, ar bhonn na gcuspóirí sonracha a bhaineann le CBT a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) [...] [CNR].

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2a
	Ceanglais shonracha maidir le hidirghabhálacha CBT
	1. Sula gcuirfear isteach caibidil

shonrach CBT de Phlean CNR, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a riachtanais faoi gach cuspóir sonrach in Airteagal 3, pointe (d), de Rialachán (AE) […] [CNR] agus moltaí an Choimisiúin á gcur i gcuntas. Ceapfaidh siad a n-idirghabhálacha ar bhonn an mheasúnaithe sin.

2. I gcás gach idirghabhála a chuireann siad san áireamh ina bpleananna, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas:

(a) an cineál idirghabhála ar a bhfuil an idirghabháil bunaithe, a raon feidhme críochach agus an cineál limistéir ar a bhfuil sí dírithe;

(b) i gcás inarb infheidhme, bonn cirt leis an idirghabháil bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais;

(c) i gcás inarb infheidhme, earnálacha a bhfuil an idirghabháil dírithe orthu nó grúpa feirmeoirí nó tairbhithe eile a bhfuil an idirghabháil dírithe orthu, chomh maith le réimse tosaíochta comhshaoil agus aeráide CBT, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo;

(d) míniú ar na critéir ábhartha in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht, dá dtagraítear in Airteagal 20c (nua) [tacaíocht intíre EDT] agus in Iarscríbhinn XVII [Iarscríbhinn EDT] den Rialachán seo;

(e) tuairisc ar dhearadh na hidirghabhála, lena n-áirítear na coinníollacha incháilitheachta, agus tuairisc ar na gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus gníomhaíochtaí ar son na haeráide dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo;

(f) tuairisc ar chleachtais feirmeoireachta a chumhdaítear leis an idirghabháil bunaithe ar aicmiú cleachtas feirmeoireachta an Airmheáin

Chomhpháirtigh Taighde i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Rialachán seo.

2. Cinnfidh na Ballstáit méid na tacaíochta do ghníomhaíochtaí aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (b), den Rialachán seo bunaithe ar mheastacháin chostais a leagtar amach sna pleananna aistrithe. Beidh méid na tacaíochta teoranta do [EUR 200 000] in aghaidh an fheirmeora in aghaidh gach clárthréimhse den Phlean.

3. I gcás nach rachaidh tacaíocht phoiblí arna deonú faoi Airteagal 13 den Rialachán seo le haghaidh oibríocht infheistíochta thar EUR 100 000 agus nach mbeidh sí faoi réir rialacha maidir le soláthar poiblí, féadfaidh an tacaíocht sin a bheith i bhfoirm scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as cineálacha malartacha tacaíochta simplithe, amhail cistiú cnapshuime tionscadalbhunaithe.

Or. en

Réasúnú

former NRP Art. 36) and amended; (1) new amendment; original text: (1) Member States shall provide for each intervention in their Plans (this is now Para 2); (1b) new amendment; original text (b) where applicable, sectors targeted by the intervention or group of farmers or other beneficiaries targeted under the intervention, CAP environment and climate priority area, in accordance with Article 4 of this Regulation (this is now 1c); original (f) deleted: (f) in relation to the interventions in certain sectors referred to in Part II, Title I, Chapter IIa of Regulation (EU) No 1308/2013, justification for targeting the selected sectors and complementarity with other CAP interventions, and where relevant, with other measures set out in the Plan; (3) original text + addition of last sentence: linguistic correction added.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Saineoidh*** na Ballstáit, ***i gcomhréir le*** Cuid C d'Iarscríbhinn I, ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, cleachtais chosanta a***tá le hurramú ag*** feirmeoirí agus tairbhithe eile a fhaigheann an tacaíocht dá dtagraítear i mír 2, chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:	4. Déanfaidh na Ballstáit, ***bunaithe ar na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in*** Iarscríbhinn I, Cuid C, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ***catalóg de*** chleachtais chosanta ***a dhearadh, as a bhféadfaidh*** feirmeoirí agus tairbhithe eile a fhaigheann an tacaíocht dá dtagraítear i mír 2 ***rogha a dhéanamh chun na*** cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil, lena n-áirítear trí uainíocht na mbarr nó éagsúlú, ***chomh maith le cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil***;	(b) ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil, lena n-áirítear trí uainíocht na mbarr nó éagsúlú***;***

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áireoidh na Ballstáit sa Phlean CNR tuairisc ar na cleachtais chosanta a shainítear do gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 lena n-áirítear a raon feidhme críochach, feirmeoirí agus tairbhithe eile faoi réir an chleachtais agus achoimre ar an gcleachtas cosanta. ***Agus***	5. Áireoidh na Ballstáit sa Phlean CNR tuairisc ar na cleachtais chosanta a shainítear do gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 lena n-áirítear a raon feidhme críochach, feirmeoirí agus tairbhithe eile faoi réir an chleachtais agus achoimre ar an gcleachtas cosanta.

na cleachtais chosanta á socrú acu, tabharfaidh na Ballstáit lánaird ar mholtaí náisiúnta CBT dá dtagraítear in Airteagal 2. Cuirfidh na Ballstáit na cleachtais chosanta in oiriúint do chórais éagsúla bainistíochta talún agus do dhálaí éagsúla comhshaoil agus aeráide ina gcríoch.

Cuirfidh na Ballstáit na cleachtais chosanta in oiriúint do chórais éagsúla bainistíochta talún agus do dhálaí éagsúla comhshaoil agus aeráide ina gcríoch.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áireoidh na Ballstáit sa Phlean CNR tagairtí do na gníomhartha dlí náisiúnta ábhartha lena rialaítear cur chun feidhme na gcleachtas cosanta. I gcás ina leagtar síos cleachtais chosanta sa dlí náisiúnta, is leor na tagairtí sin chun críocha na míre seo.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Agus na cleachtais chosanta dá dtagraítear i mír 4 á socrú acu, féadfaidh na Ballstáit díolúintí sonracha ó na cleachtais chosanta sin a bhunú ina bPlean CNR bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, amhail barra, cineálacha ithreach agus córais feirmeoireachta nó damáiste d'fhéarthailte buana mar gheall, inter alia, ar ainmhithe fiáine nó speicis ionracha. Beidh na	7. Agus na cleachtais chosanta dá dtagraítear i mír 4 á socrú acu, féadfaidh na Ballstáit díolúintí sonracha ó na cleachtais chosanta sin a bhunú ina bPlean CNR bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, amhail barra, cineálacha ithreach agus córais feirmeoireachta nó damáiste d'fhéarthailte buana mar gheall, inter alia, ar ainmhithe fiáine nó speicis ionracha. Ní chuirfear na

díolúintí sonracha sin ***teoranta i dtéarmaí a gcumhdaigh limistéir***, ní bhunófar iad ach amháin i gcás, agus a mhéid is gá, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcleachtas sin agus ní chuirfidh siad isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 ná ní dhéanfaidh siad iomaíocht a shaobhadh.	díolúintí sonracha sin ***i bhfeidhm ar fud chríoch an Bhallstáit***, ní bhunófar iad ach amháin i gcás ina bhfuil gá leo, agus a mhéid is gá, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha a bhaineann le cur i bhfeidhm na gcleachtas sin agus ní chuirfidh siad isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 ná ní dhéanfaidh siad iomaíocht a shaobhadh.
	Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe sealadacha ó chleachtais chosanta a dheonú, i gcás ina gcuireann dálaí aimsire cosc ar fheirmeoirí agus ar thairbhithe eile na cleachtais sin a chur chun feidhme nó i gcás ina gcuirfeadh cur chun feidhme na gcleachtas cosanta sin isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4. Áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh raon feidhme agus ré na*** maoluithe sealadacha ***teoranta a mhéid is gá,*** go ndeonófar iad bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus nach gcuirfidh siad isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 ná nach ndéanfaidh siad an iomaíocht a shaobhadh.	8. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe sealadacha ó chleachtais chosanta a dheonú, i gcás ina gcuireann dálaí aimsire ***nó srianta eile, amhail galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí nó neamhord náisiúnta nó áitiúil***, cosc ar fheirmeoirí agus ar thairbhithe eile na cleachtais sin a chur chun feidhme nó i gcás ina gcuirfeadh cur chun feidhme na gcleachtas cosanta sin isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfidh na maoluithe sealadacha, arna ndeonú bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, isteach ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 4 ná nach ndéanfaidh siad an iomaíocht a shaobhadh.
	Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 9 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Agus an méid sin á dhéanamh acu, tabharfaidh na Ballstáit rannpháirt d'earnáil na talmhaíochta i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeart sin, agus ráthóidh siad cur chuige inchomparáide ar fud an Aontais atá dírithe ar chleachtas maidir lena n-aitheantas.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	9a. I gcás ina gcuirfear gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus ar son na haeráide chun feidhme trí shocruithe comhair, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfar comhlíonadh na gcleachtas cosanta ábhartha a mheasúnú ar leibhéal na gníomhaíochta comhoibrithí nó comhchoitinne, ar choinníoll go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach i mír 4. Sna cásanna sin, ní cheanglófar ar chomhaltaí aonair an chomharchumainn na cleachtais chosanta a chomhlíonadh ar leithligh, ná ní dhéanfar laghduithe ná pionóis airgeadais a ríomh ar bhonn sealúchais aonair do dháileachtaí an ghabháltais atá ag gabháil go héifeachtach don socrú comhair. Maidir le gach dáileacht atá fágtha den ghabháltas, leanfar le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcleachtas cosanta ábhartha ar leibhéal an ghabháltais aonair.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	9b. I gcás nach bhfuil tairbhí bunaithe san Aontas ach ina ndéanann sé gníomhaíochtaí talmhaíochta i mBallstát ar leith, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit sin, mar choinníoll íocaíochta, a cheangal ar an tairbhí an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun comhlíonadh na gceanglas maoirseachta feirme a fhíorú, lena n-áirítear taifid a bhaineann le húsáid talún, uainíocht barr, bainistiú beostoic agus cur i bhfeidhm ionchur ar limistéir thalmhaíochta arna mbainistiú ag an tairbhí sin, nó géilleadh do rialuithe.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3a
	Córas Rialaithe Maoirseachta Feirme
	1. Fíoróidh na Ballstáit, mar chuid de na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán CNR [Freagrachtaí na mBallstát], go gcomhlíonfaidh tairbhithe ceanglais na maoirseachta feirme dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo.
	I gcás nach mó ná 10 heicteár an limistéar atá incháilithe don tacaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, mar a dearbhaíodh san iarratas geospásúil dá

dtagraítear in Airteagal 20j(nua) [CCRR], beidh na tairbhithe díolmhaithe ó rialuithe agus ó phionóis faoin Airteagal seo.

I gcás inar roghnaíodh tairbhí le haghaidh seiceáil ar an láthair ar iarratas ar chabhair nó ar éileamh íocaíochta, ní roghnóidh na Ballstáit, a mhéid is féidir agus na rioscaí gaolmhara á gcur san áireamh, an tairbhí sin le haghaidh seiceáil agus sampla rialaithe ina dhiaidh sin le haghaidh na bliana sin, ach amháin i gcás ina n-éilítear níos mó ná seiceáil amháin ar an láthair leis na himthosca chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Ní laghdódh an fhoráil sin leibhéal na seiceálacha.

2. Bainfidh na Ballstáit úsáid as a gcórais rialúcháin agus forfheidhmiúcháin i réimsí na haeráide agus an chomhshaoil, na sláinte poiblí, sláinte plandaí agus leasa ainmhithe, na reachtaíochta sóisialta agus fostaíochta, na gcaighdeán saothair is infheidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhithe na tacaíochta na ceanglais a leagtar amach sa chéad mhír.

3. Tabharfar fógra don údarás bainistíochta nó don ghníomhaireacht íocaíochta, i gcás inarb ábhartha, uair amháin sa bhliain ar a laghad faoi chásanna neamhchomhlíonta i gcás ina ndearnadh cinntí in-fhorfheidhmithe ina leith sin faoi na córais rialúcháin agus forfheidhmiúcháin is infheidhme dá dtagraítear i mír 2. Áireofar san fhógra sin measúnú agus grádú ar an neamhchomhlíonadh lena mbaineann faoi na ceannteidil déine, fairsinge, buaine nó atarlú agus intinniúlacht.

4. Ní bheidh feidhm ag na pionóis riaracháin dá dtagraítear i mír 5 ach amháin maidir le neamhchomhlíonadh cheanglais na maoirseachta feirme dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo [maoirseacht feirme] i gcás inar

toradh é an neamhchomhlíonadh ar ghníomh nó ar neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an tairbhí lena mbaineann, agus i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin nó de na coinníollacha seo a leanas nó an dá cheann:

(a) go mbaineann an neamhchomhlíonadh le gníomhaíocht talmhaíochta an tairbhí, mar a shainmhínítear in Airteagal 1b (nua) (2) [sainmhíniú creata ar ghníomhaíocht talmhaíochta];

(b) go mbaineann an neamhchomhlíonadh leis an ngabháltas mar a shainmhínítear in Airteagal 1a (nua), 4a [sainmhínithe - gabháltas] nó limistéir eile arna mbainistiú ag an tairbhí lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna.

Má bhaineann an neamhchomhlíonadh le limistéir foraoise, áfach, ní chuirfear na pionóis dá dtagraítear i mír 5 i bhfeidhm i gcás nach n-éileofar aon tacaíocht don limistéar lena mbaineann.

5. Bunóidh na Ballstáit córas pionós riaracháin a mbeidh feidhm aige maidir le tairbhithe dá dtagraítear i mír 4 nach gcomhlíonann, tráth ar bith le linn na bliana féilire lena mbaineann, ceanglais na maoirseachta feirme.

Is éard a bheidh sna pionóis laghdú nó eisiamh mhéid iomlán na n-íocaíochtaí faoi bhearta a liostaítear in Airteagal 5(1), pointí (a) go (f), agus (o) agus (p) den Rialachán seo a mhéid a bhaineann siad le tacaíocht do tháirgí talmhaíochta áitiúla, den Rialachán seo a deonaíodh nó atá le deonú don tairbhí lena mbaineann i leith iarratais ar chabhair a chuir an tairbhí isteach nó a chuirfidh sé isteach le linn na bliana féilire inar aimsíodh an neamhchomhlíonadh.

Ríomhfar na pionóis ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó a dheonófar

sa bhliain féilire inar tharla an neamhchomhlíonadh. Mar sin féin, i gcás nach féidir an bhliain féilire inar tharla an neamhchomhlíonadh a chinneadh, áfach, déanfar na laghduithe nó na heisiaimh a ríomh ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó atá le deonú le linn na bliana féilire ina bhfuarthas an neamhchomhlíonadh.

Chun na pionóis sin a ríomh, cuirfear i gcuntas measúnú agus grádú ar an neamhchomhlíonadh lena mbaineann faoi na ceannteidil déine, fairsinge, buaine nó atarlú agus intinniúlacht, dá dtagraítear i mír 3. Maidir le pionós a fhorchuirtear de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme na gníomhartha dlí a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán XX seo as an ngníomh nó neamhghníomh céanna a rinne feirmeoir nó tairbhí eile, cuirfear san áireamh é agus na pionóis dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ríomh.

Measfar an caiteachas a laghdaíodh de bharr pionós a chur i bhfeidhm a bheith dlíthiúil agus tráthrialta. Is é a bheidh sa laghdú, mar riail ghinearálta, 3 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí. I gcás neamhchomhlíonadh d'aon ghnó, 15 % ar a laghad de mhéid na n-íocaíochtaí sin a bheidh sa laghdú.

Forálfaidh na Ballstáit nach bhforchuirfear aon phionós riaracháin sna cásanna seo a leanas:

(a) Gurb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh force majeure nó imthosca eisceachtúla;

(b) Gurb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh ordú ó údarás poiblí.

Or. en

Réasúnú

(iar-Airteagal 62(1)go(5) den Rialachán maidir le CNR; cuireadh isteach ceartúcháin teanga)

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí agus do thairbhithe eile ***i ngach ceann ar a laghad de*** na réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide seo a leanas:	Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí agus ***féadfaidh siad tacaíocht a chur ar fáil do*** thairbhithe eile ***sna*** réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide seo a leanas ***arna gcinneadh ag na Ballstáit***:

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na Ballstáit a bhfuil limistéir acu a bhfuil tionchar ag truailliú uisce orthu mar gheall ar bharrachas níotráite, cuirfidh siad tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí chun na córais bheostoic a leathnú nó chun gníomhaíochtaí talmhaíochta eile a éagsúlú.	Na Ballstáit ina bhfuil limistéir ***thalmhaíochta*** a ndéanann barrachas níotráite difear dóibh ***nó a bhfuil baol mór ann go ndéanfaidh siad*** truailliú uisce mar gheall ar bharrachas níotráite, tabharfaidh siad tacaíocht d'fheirmeoirí ***chun cleachtais bhainistíochta níos inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ina gcórais beostoic agus i réitigh eile, lena n-áirítear cineálacha cur chuige comhoibritheacha, chomh maith le tacaíocht*** chun córais beostoic a leathnú nó chun gníomhaíochtaí talmhaíochta eile a éagsúlú.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacaíocht ioncaim ***chéimlaghdaitheach*** limistéarbhunaithe;	(a) tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe;

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) íocaíocht athdháilte;

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) tacaíocht d'infheistíochtaí d'fheirmeoirí ***agus*** do shealbhóirí foraoise;	(i) tacaíocht d'infheistíochtaí d'fheirmeoirí, do shealbhóirí foraoise ***agus do chomharchumainn***;

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ja) tacaíocht d'fheirmeoirí óga (lena n-áirítear pacáiste tosaigh d'fheirmeoirí óga);

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe j b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jb) infheistíochtaí i bpróiseáil agus i margú táirgthe talmhaíochta;

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe j c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(jc) tacaíocht chun feirmeoireacht chomhoibritheach a chur chun cinn;

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe l

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) LEADER;	(l) ***infheistíocht i bpobail tuaithe***;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe n

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(n) tionscnaimh chomhair chríochacha agus áitiúla;	(n) tionscnaimh chomhair chríochacha agus áitiúla, ***lena n-áirítear LEADER***;

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe n a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(na) tacaíocht d'infheistíochtaí le haghaidh forbairt tuaithe, amhail infheistíochtaí i seirbhísí bunúsacha, bonneagair thuaithe ar mhionscála, comhdhlúthú agus ath-leithdháileadh talún agus athnuachan sráidbhailte i limistéir thuaithe;

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe o a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(oa) tacaíocht d'infheistíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí coisctheacha um chosaint ar thuilte nó ar an gcósta agus d'infheistíochtaí neamhtháirgiúla a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (d) (v), de Rialachán (AE) […] [CNR];

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe o b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ob) tacaíocht d'infheistíochtaí in uisciú;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (c) agus (g), ní bheidh siad infheidhme maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear i dTeideal VI den Rialachán maidir le CNR.

Or. en

Réasúnú

(sean-Airteagal 35(2) den Rialachán maidir le CNR)

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Idirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (***k***), agus idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal I, Cuid II, Caibidil IIa, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013,	2. Idirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (***ja***), agus idirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i dTeideal I, Cuid II, Caibidil IIa, de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013,

is éard a bheidh iontu idirghabhálacha tacaíochta ioncaim atá le maoiniú as an gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a), an dara fomhír, de Rialachán (AE) [...] [CNR].	is éard a bheidh iontu idirghabhálacha tacaíochta ioncaim atá le maoiniú as an gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a), an dara fomhír, de Rialachán (AE) [...] [CNR].
	Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Measfar go gcomhlíonann tacaíocht faoi idirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' in Airteagal 33(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
	Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. Chun rochtain ar na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1 a éascú, mar aon le hidirghabhálacha a leagtar amach in Airteagal 16, bunóidh na Ballstáit pointí rochtana, amhail ionaid ilfhreastail réigiúnacha, d'fheirmeoirí. Féadfaidh na pointí rochtana sin faisnéis, inter alia, a sholáthar maidir le deiseanna agus nósanna imeachta tacaíochta agus iontráil agus bunú feirmeoirí in earnáil na talmhaíochta a éascú, lena n-áirítear trí chuidiú leo iarratais ar chistiú a chur isteach agus trí threoraíocht a thabhairt.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tacaíocht ioncaim ***chéimlaghdaitheach*** limistéarbhunaithe	Tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh difreáil na n-íocaíochtaí a bheith i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime bliantúla a chuirtear in ionad na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe go hiomlán nó i bpáirt in aghaidh an heicteáir incháilithe. Méadóidh na Ballstáit an tacaíocht in aghaidh an heicteáir incháilithe a dheonaítear d'fheirmeoirí óga.	Féadfaidh difreáil na n-íocaíochtaí a bheith i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime bliantúla a chuirtear in ionad na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe go hiomlán nó i bpáirt in aghaidh an heicteáir incháilithe. ***I gcomhréir leis an íosmhéid 8 % den mhéid atá tiomnaithe do thacaíocht ioncaim CBT nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh ar idirghabhálacha atá dírithe ar fheirmeoirí óga de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 35(4), pointe 3 (nua) [tacaíocht d'fheirmeoirí óga], de Rialachán (AE) 202X/XXXX [CNR],*** méadóidh na Ballstáit an tacaíocht in aghaidh an heicteáir incháilithe a dheonaítear d'fheirmeoirí óga.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh méid iomlán na n-íocaíochtaí in aghaidh an fheirmeora a bhunófar i gcomhréir le mír 2 céimlaghdaitheach i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:	***scriosta***
(a) Déanfaidh na Ballstáit méid bliantúil na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn EUR 20 000 agus atá le deonú d'fheirmeoir a laghdú 25 % i gcás ina mbeidh méid na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe a dheonaítear d'fheirmeoir idir EUR 20 000 agus EUR 50 000;	
(b) Déanfaidh na Ballstáit méid bliantúil na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn EUR 50 000 agus atá le deonú d'fheirmeoir a laghdú 50 % i gcás inar mó méid na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe a deonaíodh d'fheirmeoir ná EUR 50 000 agus nach mó ná EUR 75 000 é;	
(c) Déanfaidh na Ballstáit méid bliantúil na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn EUR 75 000 agus atá le deonú d'fheirmeoir a laghdú 75 % i gcás ina mbeidh méid na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe a dheonaítear d'fheirmeoir níos mó ná EUR 75 000.	

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh na Ballstáit uasteorainn a thabhairt isteach ar an tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe atá le deonú d'fheirmeoir do bhliain féilire ar leith. Na

	Ballstáit a chinn uasteorannú a thabhairt isteach, déanfaidh siad méid na tacaíochta ioncaim sin atá os cionn EUR 100 000 a laghdú faoi 100 %.

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní bheidh méid iomlán na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn uasmhéid EUR ***100*** 000 in aghaidh an ***fheirmeora*** in aghaidh na bliana. ***I gcás duine dlítheanach nó grúpaí daoine dlítheanacha, cumhdófar leis*** an ***uasteorannú*** na ***gabháltais uile atá faoi rialú*** duine ***dlítheanach nó nádúrtha amháin***.	4. ***Mar sin féin,*** ní bheidh méid iomlán na tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe os cionn uasmhéid EUR ***500*** 000 in aghaidh an ***duine nádúrtha*** in aghaidh na bliana. ***Déanfaidh*** an ***Coimisiún méid*** na ***n-íocaíochtaí in aghaidh an*** duine ***nádúrtha a thaifeadadh***.

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Áiritheoidh na Ballstáit, faoi 2032 ar a dhéanaí, nach bhfaighidh na hiarratasóirí a bhaineann an aois scoir amach, arna cinneadh faoin dlí náisiúnta, agus a fhaigheann pinsean scoir, tacaíocht faoin Airteagal seo a thuilleadh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 7 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) réimsí dá soláthraítear tacaíocht faoi Airteagal 5(1), pointí (a) agus (g), nó faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta faoi Theideal III, Caibidil II, Roinn 2, Foroinn 2, de Rialachán (AE) 2021/2115, i gcás nach ndéantar gníomhaíocht talmhaíochta mar gheall ar ghealltanais agus oibleagáidí a eascraíonn as idirghabhálacha an Aontais ***nó as idirghabhálacha náisiúnta*** nó as cláir eile a rannchuidíonn le réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide ***an*** CBT dá dtagraítear in Airteagal 4;	(b) réimsí dá soláthraítear tacaíocht faoi Airteagal 5(1), pointí (a) agus (g), nó faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta faoi Theideal III, Caibidil II, Roinn 2, Foroinn 2, de Rialachán (AE) 2021/2115, i gcás nach ndéantar gníomhaíocht talmhaíochta mar gheall ar ghealltanais agus oibleagáidí a eascraíonn as idirghabhálacha an Aontais***,*** ***idirghabhálacha náisiúnta nó réigiúnacha*** nó as cláir eile a rannchuidíonn le réimsí tosaíochta comhshaoil agus aeráide CBT dá dtagraítear in Airteagal 4;

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7a. Idirghabhálacha tacaíochta ioncaim atá le maoiniú as an gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a)(ii)(a) [Buiséad] a bheidh sna hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 5, mír 1, pointí (a) go (c), (g), (ja), agus (o) go (r) den Rialachán seo.
	Idirghabhálacha forbartha tuaithe atá le maoiniú as an gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a)(ii)(b) [Buiséad] a bheidh sna hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 5, mír 1, pointí (d) go (f), (h) go (j), (jb) go (ob) agus (s) den Rialachán seo.
	Maidir leis an meánchabhair atá

beartaithe in aghaidh an heicteáir le haghaidh tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní bheidh sí níos lú ná EUR 130 agus ní bheidh sí níos mó ná EUR 200 i gcás gach Ballstáit. I gcás cadáis, sainítear na cabhracha in Airteagal 13 b (nua).

Or. en

Réasúnú

sean-Airteagal 35(3) den Rialachán maidir le CNR, arna leasú; Idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35, mír 1, pointí (a) go (k) agus (r) den Rialachán maidir le CNR, is é a bheidh iontu idirghabhálacha tacaíochta ioncaim atá le maoiniú as an gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a)(ii) [Buiséad]. Ní bheidh an mheánchabhair atá beartaithe in aghaidh an heicteáir le haghaidh tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos lú ná EUR 130 ná níos mó ná EUR 240 i gcás gach Ballstáit. I gcás cadáis, sainítear na cabhracha in Airteagal 13 b(nua); cuireadh isteach ceartúcháin teanga.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Íocaíocht athdháilte
	1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le tacaíocht ioncaim athdháilte éigeantach 15 % faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus mar a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR. Maoineofar an tacaíocht sin ón gCiste i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (a)(ii)(a) [Buiséad].
	2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar íocaíochtaí díreacha a athdháileadh ó ghabháltais mhóra go gabháltais bheaga nó mheánmhéide trí fhoráil a dhéanamh maidir le tacaíocht ioncaim athdháilte a thabharfar i bhfoirm

	íocaíocht dhíchúpláilte bhliantúil in aghaidh an heicteáir incháilithe do na feirmeoirí sin atá i dteideal íocaíochta faoin tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 6.
	3. Bunóidh na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach méid in aghaidh an heicteáir nó méideanna éagsúla le haghaidh raonta éagsúla heicteár, chomh maith leis an líon uasta heicteár in aghaidh an fheirmeora lena n-íocfar an tacaíocht ioncaim athdháilte. Deonófar an íocaíocht athdháilte ón gcéad heicteár incháilithe.
	4. Féadfar an íocaíocht athdháilte ón gcéad heicteár a chomhcheangal le scéimeanna tacaíochta ioncaim eile dá bhforáiltear faoin Rialachán seo.
	Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim ar fáil d'fheirmeoirí beaga, arna cinneadh ag na Ballstáit a thagann in ionad na tacaíochta faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (a)***, (b)*** agus (***d***). Déanfaidh na Ballstáit an idirghabháil a cheapadh sa Phlean CNR sa chaoi is gur idirghabháil roghnach a bheidh ann ag na feirmeoirí.	Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim ar fáil d'fheirmeoirí beaga, arna cinneadh ag na Ballstáit a thagann in ionad na tacaíochta faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointí (a) agus (***b***). Déanfaidh na Ballstáit an idirghabháil a cheapadh sa Phlean CNR sa chaoi is gur idirghabháil roghnach a bheidh ann ag na feirmeoirí.
	Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an tacaíocht faoin Airteagal seo dírithe go príomha ar fheirmeoirí a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta ar a ngabháltas agus a rannchuidíonn go gníomhach le slándáil bia, gan beann ar fhoirm dhlíthiúil nó ar struchtúr an ghabháltais. Is éard a bheidh i gceist le tacaíocht a dheonófar faoin Airteagal seo scéim shimplithe, lena n-áirítear díolúine ó cheanglais maoirseachta feirme, ó chleachtais chosanta, ó rialuithe, agus ó laghduithe gaolmhara agus pionóis ghaolmhara.

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh na híocaíochtaí in aghaidh an heicteáir incháilithe teoranta do na costais bhreise nó don chaillteanas ioncaim a bhaineann le tabhairt faoi tháirgeadh talmhaíochta sna limistéir ainmnithe ***i gcomparáid le táirgeadh i limistéir neamhainmnithe***.	3. Beidh na híocaíochtaí in aghaidh an heicteáir incháilithe teoranta do na costais bhreise nó don chaillteanas ioncaim a bhaineann le tabhairt faoi tháirgeadh talmhaíochta sna limistéir ainmnithe.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht limistéarbhunaithe ***a chur*** ar fáil i limistéir thalmhaíochta agus foraoise le haghaidh míbhuntáistí a eascraíonn as cur chun feidhme na nithe seo a leanas:	***Cuirfidh*** na Ballstáit tacaíocht limistéarbhunaithe ar fáil i limistéir thalmhaíochta agus foraoise le haghaidh míbhuntáistí a eascraíonn as cur chun feidhme na nithe seo a leanas:

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus ***aeráide***	Gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil***, aeráide*** agus ***leasa ainmhithe***

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Cuirfidh*** na Ballstáit ***dreasachtaí ar fáil*** do ***na gníomhaíochtaí seo a leanas a rachaidh chun tairbhe don aeráid, don chomhshaol***, ***do shláinte agus leas ainmhithe agus don fhoraoiseacht inbhuanaithe:***	1. ***I gcomhréir leis an tacaíocht atá*** na Ballstáit ***le tiomnú*** do ***ghníomhaíochtaí agra-chomhshaoil, aeráide agus leasa ainmhithe de bhun Airteagal 35(4)(1)(2 nua) de Rialachán (AE) 202X/XXXX [an Rialachán maidir le CNR]***, ***cuirfidh na Ballstáit dreasachtaí ar fáil le haghaidh*** gealltanais bhainistíochta dheonacha arna nglacadh ag feirmeoirí ***gníomhacha agus*** tairbhithe eile, lena n-áirítear gealltanais chun ***aistriú chuig*** feirmeoireacht orgánach ***agus feirmeoireacht orgánach a chothabháil, úsáid acmhainní*** a ***bharrfheabhsú, an táirgeadh beostoic a fhairsingiú***, arna mbunú agus arna gcur

chun feidhme i gcomhréir le mír 3.
Féadfar a áireamh ar thacaíocht den sórt sin bearta éifeachtúlachta, amhail bainistiú barrfheabhsaithe nítrigine agus cothaitheach, táirgeadh agus úsáid leasachán in-athnuaite, chomh maith le bearta fairsingithe nó éagsúlaithe táirgthe, i gcás inarb iomchuí go teicniúil agus go heacnamaíoch.

(a) gealltanais bhainistíochta dheonacha arna nglacadh ag feirmeoirí agus ag tairbhithe eile, lena n-áirítear gealltanais chun feirmeoireacht orgánach a choinneáil ar bun agus táirgeadh beostoic a leathnú, arna mbunú agus arna gcur chun feidhme i gcomhréir le mír 3;

(b) aistriú deonach i dtreo córais táirgthe athléimneacha arna ndéanamh ag feirmeoirí ar leibhéal an ghabháltais nó do chuid de ghabháltas, lena n-áirítear tiontú go feirmeoireacht orgánach agus leathnú na gcóras táirgthe beostoic, arna mbunú agus arna gcur chun feidhme i gcomhréir le mír 4.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh na Ballstáit dreasachtaí a chur ar fáil le haghaidh aistriú deonach i dtreo córais táirgthe athléimneacha arna ndéanamh ag feirmeoirí gníomhacha ar leibhéal an ghabháltais nó le haghaidh cuid de ghabháltas, lena n-áirítear tiontú go feirmeoireacht orgánach agus cleachtais bhainistíochta níos inbhuanaithe a ghlacadh maidir le córais bheostoic nó fairsingiú córas táirgthe beostoic, chomh maith le lorg carbóin

	níos ísle nó córais táirgthe eile agus éagsúlú táirgthe arna mbunú agus arna gcur chun feidhme i gcomhréir le mír 4.

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Leithdháilfidh na Ballstáit [X]% den mhéid iomlán atá tiomnaithe don fhorbairt tuaithe ar idirghabhálacha lena ndírítear ar na bearta sin de bhun Airteagal 35(4), fomhír (1b) (nua), de Rialachán (AE) 202X/XXXX [CNR].

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh na gealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a bheith bliantúil nó ilbhliantúil agus féadfaidh na cuspóirí seo a leanas a bheith acu ***go háirithe***:	3. Féadfaidh na gealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a bheith bliantúil nó ilbhliantúil agus féadfaidh ***siad éifeacht ioncaim shoiléir agus inláimhsithe ar leibhéal na feirme a áirithiú. Go háirithe, d'fhéadfadh*** na cuspóirí seo a leanas a bheith acu:

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cáilíocht an uisce a chosaint agus an brú ar acmhainní uisce a laghdú, ithir a chosaint, bainistiú cothaitheach, caomhnú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear gnéithe tírdhreacha agus úsáid lotnaidicídí a laghdú;	(a) cáilíocht an uisce a chosaint agus an brú ar acmhainní uisce a laghdú, ithir a chosaint, bainistiú cothaitheach, caomhnú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear gnéithe tírdhreacha agus úsáid lotnaidicídí a laghdú***, pailneoirí fiáine agus bainistithe agus gnáthóga pailneoirí a chosaint agus a athbhunú, trí thacaíocht a thabhairt do chleachtais feirmeoireachta a thacaíonn le pailneoirí, gnéithe tírdhreacha éagsúla a bhunú agus a chothabháil, amhail limistéir bhláthaithe ilbhliantúla ina bhfuil tréimhsí bláthaithe céimnithe, fálta sceach, bainc ciaróg***;

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide a théann chun tairbhe pailneoirí fiáine agus bainistithe agus féadfaidh siad tacú le comhar deonach idir feirmeoirí agus beachairí a bhfuil sé mar aidhm leis feabhas a chur ar sheirbhísí pailnithe, ar bhithéagsúlacht agus ar cháilíocht táirgí beachaireachta, lena n-áirítear bainistiú comhordaithe ar shuíomh beachlann, oiriúnú cleachtas talmhaíochta a théann chun tairbhe do phailneoirí, agus bearta chun rioscaí do phailneoirí agus do tháirgí beachaireachta a eascraíonn as úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú, i

gcomhréir le prionsabail chomhtháite bainistithe lotnaidí agus le dlí ábhartha an Aontais.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Deonófar tacaíocht do na gníomhaíochtaí aistrithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ar bhonn ***plean gníomhaíochta aistrithe*** arna ***tharraingt suas ag feirmeoir agus arna fhormheas ag an mBallstát***. Chun an tacaíocht do ghníomhaíochtaí aistrithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a chur chun feidhme, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc sa Phlean CNR ar na córais táirgthe a mheasann siad a bheith tairbhiúil don aeráid agus ***don chomhshaol***.	Deonófar tacaíocht do na gníomhaíochtaí aistrithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ar bhonn ***gealltanais shimplí agus infheidhmithe*** arna ***sainiú ag na Ballstáit, gan pleananna gníomhaíochta aistrithe éigeantacha a fhorchur lena gcruthaítear ualach riaracháin díréireach***. Chun an tacaíocht do ghníomhaíochtaí aistrithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a chur chun feidhme, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc sa Phlean CNR ar na córais táirgthe a mheasann siad a bheith tairbhiúil don aeráid***, don chomhshaol agus do leas ainmhithe,*** agus ***solúbthacht á háirithiú agus castacht bhreise riaracháin d'fheirmeoirí agus do riaracháin á seachaint ag an am céanna***.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Íocfaidh na Ballstáit an tacaíocht le	***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go ndeonófar***

feirmeoirí i dtráthchodanna le linn thréimhse chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta aistrithe. Beidh íocaíocht na tráthchoda deiridh coinníollach ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta aistrithe a thabhairt chun críche. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighfear na híocaíochtaí ar ais má theipeann ar an bhfeirmeoir an plean gníomhaíochta aistrithe a chur chun feidhme.	***tacaíocht*** ar ***bhealach tráthúil agus intuartha, lena n-áirítear le haghaidh bearta bliantúla agus ilbhliantúla araon, agus go ndéanfar íocaíochtaí laistigh den bhliain iarratais faoi seach***.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Feirmeoirí a thiontaíonn a bhfeirmeacha go feirmeoireacht orgánach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, tá siad díolmhaithe ón gceanglas plean gníomhaíochta a tharraingt suas, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní dheonóidh na Ballstáit tacaíocht ***ach*** do na gealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a théann thar na ceanglais reachtúla bhainistíochta ábhartha dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I, agus do na híoscheanglais ábhartha maidir	***Deonóidh*** na Ballstáit tacaíocht do na gealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a théann thar na ceanglais reachtúla bhainistíochta ábhartha dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I, agus do na híoscheanglais ábhartha maidir le

le leasachán agus táirgí cosanta plandaí a úsáid, leas ainmhithe agus ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais.	leasachán agus táirgí cosanta plandaí a úsáid, leas ainmhithe agus ceanglais shainordaitheacha ábhartha eile arna mbunú leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais.
	Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfar tacaíocht a dheonú freisin do ghealltanais a rannchuidíonn le comhlíonadh na gceanglas faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i gcás ina ngineann na gealltanais sin tairbhí breise comhshaoil agus éifeacht shoiléir ioncaim ar leibhéal na feirme.
	Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Mar sin féin, ***i gcás ina bhforchuirtear leis an dlí náisiúnta ceanglais a théann thar na híoscheanglais shainordaitheacha chomhfhreagracha a leagtar síos i ndlí*** an ***Aontais***, ***féadfar tacaíocht*** a ***dheonú*** do ***ghealltanais bhainistíochta dá dtagraítear i mír 1***, ***pointe (a)***, ***lena rannchuidítear*** le ***comhlíonadh na gceanglas*** sin.	***D'ainneoin fhorálacha eile an Rialacháin seo, féadfar a áireamh le híocaíochtaí le haghaidh gníomhaíocht agra-chomhshaoil agus aeráide comhpháirt dreasachta ar mó í ná méid na gcostas iarbhír agus an ioncaim a tarscaoileadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:***
	(a) níl de thoradh ar an íocaíocht iomlán go ndeonaítear tacaíocht praghais do ***tháirgeoirí;***
	(b) ní bhraitheann an íocaíocht ar chineál

ná ar mhéid an táirgthe;

(c) sonraíonn an Ballstát**, **ina chaibidil CNR**, **catagóir 'Bosca Ghlais' EDT faoina bhfuil fógra le ***tabhairt faoin mbeart agus tugann sé údar leis*** sin.

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ioncaim chúpláilte ar fáil d'fheirmeoirí in earnálacha sonracha talmhaíochta agus táirgí sonracha talmhaíochta, i gcás inarb ábhartha a shainítear i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nó do chineálacha sonracha feirmeoireachta iontu, ***a mbíonn*** deacrachtaí ***acu*** agus ***atá tábhachtach ar chúiseanna socheacnamaíocha*** nó ***comhshaoil***.	***Féadfaidh*** na Ballstáit tacaíocht ioncaim chúpláilte ***a chur*** ar fáil d'fheirmeoirí in earnálacha sonracha talmhaíochta agus táirgí sonracha talmhaíochta, i gcás inarb ábhartha***,*** a shainítear i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, nó do chineálacha sonracha feirmeoireachta iontu, ***i gcás ina bhfuil*** deacrachtaí ***ar leith os comhair na n-earnálacha nó na gcineálacha feirmeoireachta sin*** agus ***ina bhfuil tábhacht shuntasach shocheacnamaíoch*** nó ***chomhshaoil ag baint leo***.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Leanfaidh leibhéal foriomlán na tacaíochta ioncaim cúpláilte de bheith teoranta agus ní rachaidh sé thar sciar comhréireach de na híocaíochtaí díreacha, i gcomhréir leis an gcuspóir cineál díchúpláilte na tacaíochta ioncaim

a choinneáil.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh tacaíocht den sórt sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin agus chun tréigean an táirgthe talmhaíochta a chosc. Cuirfear san áireamh inti an gá atá le cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun agus le saobhadh iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach a sheachaint.

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Ní dheonófar tacaíocht ioncaim chúpláilte i gcás ina mbeidh saobhadh ar an iomaíocht mar thoradh uirthi nó i gcás ina mbeidh éifeachtaí diúltacha aici ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
	Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún agus an Chomhairle go mbeidh aon tacaíocht den sórt sin comhsheasmhach le cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun laistigh den Aontas.

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Maidir le tacaíocht a dheonaítear mar íocaíocht in aghaidh an ainmhí leis na hearnálacha beostoic, ***cuirfidh*** na Ballstáit ***tionchair chomhshaoil san áireamh, lena n-áirítear trí chritéir maidir le huasdlús beostoic a shocrú i limistéir atá i mbaol níotráite***.	4. Maidir le tacaíocht a dheonaítear mar íocaíocht in aghaidh an ainmhí leis na hearnálacha beostoic, ***áiritheoidh*** na Ballstáit ***go gcuirfear an tacaíocht sin chun feidhme ar bhealach simplí agus praiticiúil, gan ceanglais bhreise riaracháin ná doiciméadachta a fhorchur***.

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Deonófar tacaíocht ioncaim chúpláilte in aghaidh an heicteáir incháilithe lena n-áiritheofar cur chun feidhme aonfhoirmeach agus maorlathais ísil.

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Beidh an leithdháileadh airgeadais ar idirghabhálacha tacaíochta ioncaim cúpláilte dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), den Rialachán seo teoranta d'uasmhéid 12 % den ranníocaíocht ón Aontas arna leagan amach ag an mBallstát sa Phlean CNR le haghaidh

	idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (c), (f) agus (g). Féadfar an céatadán sin a mhéadú 3 phointe céatadáin ar a mhéad, ar choinníoll go ndéanfar an méid a chomhfhreagraíonn don chéatadán a sháraíonn 12 % a leithdháileadh ar bharra próitéine, ar fheirmeoirí a chomhcheanglaíonn táirgeadh barr agus beostoc nó ar limistéir thalmhaíochta a bhfuil an baol ann go dtréigfear an táirgeadh talmhaíochta iontu, go háirithe i réigiúin teorann san Oirthear, mar a shainítear sna Pleananna. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn réigiúin teorann san Oirthear réigiúin NUTS2 an Aontais a bhfuil teorainn acu le Cónaidhm na Rúise, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin, teorainn talún nó teorainn farraige, nach gcumhdaíonn críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann.

Or. en

Réasúnú

(leasaíodh sean-Airteagal 35(5) den Rialachán maidir le CNR, athraíodh 20 % go 12 % agus 5 phointe céatadáin go 3 phointe céatadáin; cuireadh isteach ceartúcháin teanga)

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí chun páirt a ghlacadh in uirlisí bainistithe riosca. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndeonófar tacaíocht ach do chaillteanais a sháraíonn tairseach 20 % ar a laghad den mheántáirgeacht bhliantúil nó de mheánioncam an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is	***Féadfaidh*** na Ballstáit tacaíocht ***a chur*** ar fáil d'fheirmeoirí chun páirt a ghlacadh in uirlisí bainistithe riosca***, agus é á chur san áireamh acu gur faoi inniúlacht na mBallstát agus na réigiún a fhanfaidh dearadh agus cur chun feidhme na n-uirlisí sin***. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndeonófar tacaíocht ach do chaillteanais a sháraíonn tairseach 20 % ar a laghad den mheántáirgeacht bhliantúil nó de

ísle a chur san áireamh.

mheánioncam an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a chur san áireamh.

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh na Ballstáit modh malartach iomchuí a chur i bhfeidhm chun na caillteanais ***le haghaidh feirmeoirí óga agus*** feirmeoirí ***nua*** a ***ríomh***.	3. Féadfaidh na Ballstáit modh malartach iomchuí a chur i bhfeidhm chun na caillteanais ***a ríomh le haghaidh*** feirmeoirí a ***iarrann é***.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí, do ghrúpaí táirgeoirí agus d'eintitis a dhéanann ionadaíocht thar ceann cineálacha eile comhair a bhunaítear ar thionscnamh na dtáirgeoirí agus a rialaíonn na táirgeoirí chun bheith rannpháirteach in uirlisí comhchoiteanna coiscthe géarchéime agus bainistithe riosca. Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit foirmeacha comhair den sórt sin a shainaithint mar ghrúpaí táirgeoirí ar feadh ré an chláir. Beidh an tacaíocht i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais le cistí frithpháirteacha a mbaineann a gcuspóirí leis na cuspóirí

sonracha a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (a) agus (c) de Rialachán 1308/2018, agus é mar aidhm léi suaití i margaí na hearnála ábhartha a sheachaint agus chun déileáil leo, agus lena n-áirítear ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh na gcostas riaracháin a bhaineann le cur ar bun. Agus an tacaíocht á cur ar fáil, formheasfaidh na Ballstáit na rialacha maidir le bunú agus bainistiú na gcistí frithpháirteacha. Forálfar leis na rialacha sin nach bhféadfaidh cistí frithpháirteacha idirghabháil ach amháin i gcás titim 20 % ar a laghad i bpraghsanna margaidh san earnáil lena mbaineann i gcomparáid leis an meán a taifeadadh le linn na tréimhse 3 bliana roimhe sin, nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan na luachanna is airde agus is ísle a áireamh. Cuirfidh na Ballstáit teorainn leis an tacaíocht do ráta amháin nó níos mó nach mó ná 70 % de na ranníocaíochtaí leis an gciste frithpháirteach, de chostas riaracháin an chiste fhrithpháirtigh agus, i gcás inarb ábhartha, de chostais incháilithe eile.

Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar aon róchúiteamh de dheasca na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo a úsáid in éineacht le scéimeanna eile poiblí nó príobháideacha bainistithe riosca.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Bunóidh na Ballstáit an mhodheolaíocht chun caillteanais a ríomh agus na tosca spreagtha le haghaidh cúitimh ***ina bPlean*** CNR. Áiritheoidh na	4. Bunóidh na Ballstáit an mhodheolaíocht chun caillteanais a ríomh agus na tosca spreagtha le haghaidh cúitimh***. Saineofar na modheolaíochtaí***

Ballstáit go seachnófar aon róchúiteamh de dheasca na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo a úsáid in éineacht le scéimeanna eile poiblí nó príobháideacha bainistithe riosca.	***sin ar bhealach soiléir agus oibríochtúil lena n-áiritheofar cur chun feidhme éifeachtúil riaracháin. Ní gá iad a shonrú go mionsonraithe sa Phlean*** CNR. Áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar aon róchúiteamh de dheasca na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo a úsáid in éineacht le scéimeanna eile poiblí nó príobháideacha bainistithe riosca.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tacaíocht d'infheistíochtaí ***d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise***	Tacaíocht d'infheistíochtaí

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Deonóidh na Ballstáit tacaíocht faoin Airteagal seo d'infheistíochtaí táirgiúla agus neamhtháirgiúla lena rannchuideofar go hiomchuí ar an iomlán le hathléimneacht na talmhaíochta, na gcóras bia, na foraoiseachta agus na gceantar tuaithe, go háirithe an ***aeráid agus athléimneacht*** uisce. Míneoidh na Ballstáit ina bPleananna CNR an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu tacaíocht den sórt sin a dheonú.	1. Deonóidh na Ballstáit tacaíocht faoin Airteagal seo d'infheistíochtaí táirgiúla agus neamhtháirgiúla lena rannchuideofar go hiomchuí ar an iomlán le hathléimneacht na talmhaíochta, na gcóras bia, na foraoiseachta agus na gceantar tuaithe, go háirithe an ***athléimneacht na haeráide agus*** uisce ***nó leas ainmhithe a fheabhsú***. Míneoidh na Ballstáit ina bPleananna CNR an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu tacaíocht den sórt sin a dheonú.

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tabharfaidh na Ballstáit tús áite d'infheistíochtaí lena dtacaítear le cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe agus lena rannchuidítear le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní nádúrtha agus as ionchuir talmhaíochta, lena n-áirítear uisciú, uisciú leasaitheach agus feirmeoireacht bheacht.

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Ní dheonófar tacaíocht*** d'infheistíochtaí ***in athchóiriú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgthe talmhaíochta nó foraoiseachta a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca tubaistí nádúrtha***, ***teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha ach amháin nuair is é an teagmhas lena mbaineann ba chúis le scriosadh 30 %*** ar a ***laghad den acmhainn táirgthe talmhaíochta nó 20 %*** ar a ***laghad den acmhainn táirgthe foraoiseachta***.	***3. Beidh rochtain ar thacaíocht*** d'infheistíochtaí ***beaga, suas le EUR 20 000, faoi réir nós imeachta simplithe formheasa agus eisíocaíochta lena ngabhann ceanglais riaracháin chomhréireacha***, ***arna chinneadh ag gach Ballstát ina phlean CNR, le cruthúnas ar chur chun feidhme rathúil na hinfheistíochta a mheastar a bheith leordhóthanach. Freagraíonn rochtain*** ar ***thacaíocht d'infheistíochtaí beaga go háirithe don ghá atá curtha in iúl ag banfheirmeoirí*** a ***mbíonn sé níos deacra orthu, fiú i gcás mioninfheistíochtaí, rochtain éasca a fháil*** ar ***chistiú chun*** a ***ngnólachtaí a bhunú nó a neartú***.

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. De mhaolú ar mhír 4, pointí (a), (b) agus (c), ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin i gcás ina gcuirtear an tacaíocht ar fáil trí ionstraimí airgeadais.	***scriosta***

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbeidh de thoradh ar dhlí an Aontais ***go gcuirfear ceanglais nua ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht*** a ***dheonú d'infheistíochtaí chun na ceanglais sin a chomhlíonadh*** ar ***feadh uastréimhse 36 mhí ón dáta a mbeidh siad éigeantach don ghabháltas***.	***Comhlíonfaidh an tionscadal infheistíochta a dhéanfaidh feirmeoirí ceanglais*** dhlí an Aontais ***a bheidh i bhfeidhm tráth*** a ***fhormheasfaidh an t-údarás deonúcháin an t-iarratas*** ar ***thacaíocht infheistíochta. Comhlíonfaidh feirmeoirí ceanglais nua tar éis chur chun feidhme an tionscadail infheistíochta***.

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás feirmeoirí óga atá ag dul i mbun gnó den chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ***ghabháltais, féadfar tacaíocht le haghaidh infheistíochtaí chun*** ceanglais dhlí an Aontais a ***chomhlíonadh a dheonú ar***	***Comhlíonfaidh*** an ***tionscadal infheistíochta arna dhéanamh ag feirmeoirí óga*** ceanglais dhlí an Aontais a ***bheidh i bhfeidhm tráth a fhormheasfaidh an t-údarás deonúcháin*** an ***t-iarratas ar thacaíocht infheistíochta. Comhlíonfaidh***

feadh uastréimhse 36 mhí ó dháta an ***bhunaithe, nó go dtí go gcuirfear*** na ***gníomhaíochtaí a shainítear sa phlean gnó dá dtagraítear in Airteagal 14(3) i gcrích***. Ní fhéadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin mír seo ach amháin chun tairbhithe a chúiteamh i leith na gcostas breise uile, nó cuid de na costais sin a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas sin.	***feirmeoirí óga*** na ***ceanglais sin de dhlí an Aontais tar éis chur chun feidhme an tionscadail infheistíochta***. Ní fhéadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí a dheonú faoin mír seo ach amháin chun tairbhithe a chúiteamh i leith na gcostas breise uile, nó cuid de na costais sin a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas sin.

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Is é 75 % de chostais incháilithe iomlána gach idirghabhála a bheidh san uasráta tacaíochta is infheidhme maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (i), den Rialachán seo [infheistíochtaí d'fheirmeoirí]. Mar sin féin, is é 85 % den chaiteachas poiblí incháilithe a bheidh san uasráta tacaíochta is infheidhme maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (i), atá dírithe ar fheirmeoirí óga.

Or. en

Réasúnú

(sean-Airteagal 35(4)(2) den Rialachán maidir le CNR); cuireadh isteach ceartúcháin teanga.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 13a
	Infheistíochtaí in uisciú
	1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a dheonú d'infheistíochtaí in uisciú i limistéir uiscithe nua agus i limistéir uiscithe atá ann cheana, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13 agus san Airteagal seo.
	2. Ní thacófar le hinfheistíochtaí in uisciú ach amháin i gcás ina gcuirfidh an Ballstát lena mbaineann chuig an gCoimisiún plean bainistithe abhantraí dá bhforáiltear i dTreoir 2000/60/CE don limistéar iomlán ina ndéanfar an infheistíocht, agus d'aon limistéir eile a bhféadfadh an infheistíocht difear a dhéanamh dá gcomhshaol. Na bearta a mbeidh feidhm acu faoin bplean bainistithe abhantraí i gcomhréir le hAirteagal 11 den Treoir sin agus atá ábhartha d'earnáil na talmhaíochta, beidh siad sonraithe i gclár ábhartha na mbeart.
	3. An méadrú uisce lena gcumasófar úsáid uisce a thomhas ar leibhéil na hinfheistíochta tacaithe, beidh sé i bhfeidhm nó curtha i bhfeidhm mar chuid den infheistíocht.
	4. Cuirfidh na Ballstáit teorainn leis an tacaíocht do ráta amháin nó níos mó nach sáróidh:
	(a) 80 % de na costais incháilithe le haghaidh infheistíochtaí uiscithe ar an bhfeirm.
	(b) 100 % de na costais incháilithe le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar lasmuigh den fheirm sa talmhaíocht atá le húsáid le haghaidh uisciú;
	(c) 65 % de na costais incháilithe le haghaidh infheistíochtaí uiscithe eile ar an bhfeirm.

5. Tacaíocht atá faoi réir na n-infheistíochtaí in uisciú mar a leagtar síos san Airteagal seo, measfar go gcomhlíonann sí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' in Airteagal 33(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 13b
	Íocaíocht bharrshonrach do chadás
	1. Deonóidh an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn agus an Phortaingéil íocaíocht bharrshonrach do chadás d'fheirmeoirí a bhfuil cadás a thagann faoi chód AC 5201 00 á tháirgeadh acu. Bunóidh na Ballstáit sin ceanglais shonracha chun íosleibhéal éifeachtúlachta táirgthe agus cáilíochta táirgí a ráthú.
	2. Áiritheoidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 nach gcuirfear brú iomarcach ar acmhainní nádúrtha amhail uisce agus ithir leis an táirgeadh cadáis a fhaigheann tacaíocht. Chuige sin, nó chun cuspóirí comhshaoil nó socheacnamaíocha eile a shaothrú, ní fhéadfaidh na Ballstáit sin an chabhair a dheonú ach amháin le haghaidh cineálacha sonracha cadáis, i réigiúin shonracha, nó le haghaidh cineálacha sonracha feirmeoireachta, nó féadfaidh siad ceanglais a bhunú a bhaineann le cleachtais agranamaíocha.
	3. Deonófar an íocaíocht bharrshonrach do chadás in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe cadáis.

4. Bunaítear na bunlimistéir náisiúnta seo a leanas:

(a) an Bhulgáir: 3 342 ha;

(b) an Ghréig: 250 000 ha;

(c) an Spáinn: 48 000 ha;

(d) an Phortaingéil: 360 ha.

5. Bunaítear an táirgeacht sheasta seo a leanas le haghaidh na tréimhse tagartha:

(a) an Bhulgáir: 1.2 tona/ha;

(b) an Ghréig: 3.2 tona/ha;

(c) an Spáinn: 3.5 tona/ha;

(d) an Phortaingéil: 2.2 tona/ha.

6. Déanfar méid na híocaíochta barrshonraí in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe a ríomh tríd an táirgeacht a leagtar síos i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

(a) an Bhulgáir: EUR 636.13;

(b) an Ghréig: EUR 229.37;

(c) an Spáinn: EUR 354.73;

(d) an Phortaingéil: EUR 223.32.

7. Mura sáraíonn an limistéar incháilithe cadáis i mBallstát ar leith i mbliain ar leith an bunlimistéar a leagtar síos i mír 1, féadfar an méid in aghaidh an heicteáir dá dtagraítear i mír 3 a mhéadú faoi chomhéifeacht a gheofar tríd an mbunlimistéar náisiúnta a roinnt ar an limistéar incháilithe iarbhír, nó a mhéadú faoi 25 %, cibé acu is lú.

8. Má sháraíonn an limistéar incháilithe an bunlimistéar, déanfar an méid in aghaidh an heicteáir a laghdú i gcomhréir le méid an tsáraithe ar an mbunlimistéar.

9. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta' eintiteas dlíthiúil arna chomhdhéanamh agus arna bhunú ag feirmeoirí a tháirgeann cadás agus ag scilligeoir cadáis amháin ar a laghad.

Áiritheoidh na heagraíochtaí sin gníomhaíocht éifeachtúil agus mharthanach agus é mar aidhm leo an soláthar a chomhchruinniú agus an táirgeadh a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh.

10. Déanfaidh an Ballstát ina bhfuil na scilligeoirí cadáis bunaithe eagraíochtaí idirchraoibhe a fhormheas, ar eagraíochtaí iad a chomhlíonann na critéir a leagtar síos mír 1.

11. I gcás feirmeoirí ar comhaltaí d'eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta iad, cuirfear méadú EUR 2 leis an íocaíocht bharrshonrach do chadás le haghaidh na heicteár atá incháilithe laistigh den bhunlimistéar náisiúnta a leagtar síos i mír 4. Chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit ceanglais shonracha a bhunú do chomhaltaí na n-eagraíochtaí idirchraoibhe sin.

Or. en

Réasúnú

(sean-Airteagal 39 den Rialachán maidir le CNR; cuireadh isteach ceartúcháin teanga)

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cabhrú le feirmeoirí óga ***dul*** i mbun gnó, ***le tionscnamh gnólachtaí tuaithe*** agus ***le*** feirmeacha beaga a fhorbairt	Feirmeoirí óga ***a chur*** i mbun gnó, ***gnólachtaí tuaithe a thionscnamh, comharchumainn a chur ar bun*** agus ***a fhorbairt agus*** feirmeacha beaga a fhorbairt

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil chun feirmeoirí óga a chur i mbun gnó agus chun gnólachtaí tuaithe a thionscnamh***, lena n-áirítear feirmeoirí nua a chur i mbun gnó,*** faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.	1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil chun feirmeoirí óga a chur i mbun gnó agus chun gnólachtaí tuaithe a thionscnamh faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR. ***Féadfaidh na Ballstáit freisin, faoi na coinníollacha céanna, tacaíocht a chur ar fáil chun feirmeoirí nua a chur i mbun gnó.***

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) comharfheirmeacha a chur ar bun agus a fhorbairt mar eintiteas dlíthiúil;

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Deonóidh na Ballstáit an tacaíocht i ***gcnapshuimeanna*** nó i bhfoirm ionstraimí airgeadais ***nó*** mar mheascán den dá rud. Uasmhéid cabhrach EUR 300 000 a bheidh sa tacaíocht agus féadfar í a dhifreáil i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.	4. Deonóidh na Ballstáit an tacaíocht i ***bhfoirm cnapshuimeanna*** nó i bhfoirm ionstraimí airgeadais**,** mar mheascán den dá rud ***nó deontais***. Uasmhéid cabhrach EUR 300 000 a bheidh sa tacaíocht**,** agus féadfar í a dhifreáil i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha.

	I gcás comharfheirme, mar chomharchumann dlítheanach, mar eintiteas dlítheanach inchomparáide nó mar chomhlachas daoine nádúrtha nó eintiteas dlítheanach, beidh feidhm ag an teorannú ar leibhéal chomhaltaí na n-eintiteas dlítheanach nó na gcomhlachas sin, ar choinníoll go mbeidh na comhaltaí rannpháirteach ar bhonn cothrom sa ghabháltas.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) measúnú ar an staid dhéimeagrafach atá ann faoi láthair in earnáil na talmhaíochta;	(a) measúnú ar an staid dhéimeagrafach atá ann faoi láthair in earnáil na talmhaíochta***, lena n-áirítear éagothromaíochtaí críochacha agus struchtúracha***;

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bacainní iontrála d'fheirmeoirí óga a shainaithint agus tionscnaimh náisiúnta atá beartaithe ***agus bearta*** chun iad a shárú;	(b) bacainní iontrála d'fheirmeoirí óga a shainaithint agus tionscnaimh ***agus bearta*** náisiúnta atá beartaithe chun iad a shárú***, lena n-áirítear rochtain ar thalamh, caipiteal, eolas, seirbhísí comhairleacha agus uirlisí bainistithe riosca***;

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tuairisc ar an gcaoi a n-úsáidfear an Pacáiste tosaigh d'fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 16 sa chomhthéacs náisiúnta;	(c) tuairisc ar an gcaoi a n-úsáidfear an Pacáiste tosaigh d'fheirmeoirí óga dá dtagraítear in Airteagal 16 sa chomhthéacs náisiúnta ***nó réigiúnach, lena n-áirítear a rannchuidiú le samhlacha gnó inbhuanaithe, cobhsaíocht ioncaim agus athléimneacht***;

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) sineirgí idir bearta a rannchuidíonn le hathnuachan ó ghlúin go glúin a leagtar amach sa Phlean CNR.	(d) sineirgí idir bearta a rannchuidíonn le hathnuachan ó ghlúin go glúin a leagtar amach sa Phlean CNR***, chomh maith le sineirgí le hionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais agus le hionstraimí náisiúnta ábhartha eile a thacaíonn le forbairt tuaithe agus nuálaíocht***.

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacaíocht d'fheirmeoirí óga a chur i mbun gnó i gcomhréir le hAirteagal 14;	***scriosta***

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tacaíocht ioncaim ***chéimlaghdaitheach*** limistéarbhunaithe d'fheirmeoirí óga i gcomhréir le hAirteagal 6;	(b) tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe d'fheirmeoirí óga i gcomhréir le hAirteagal 6;

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) rochtain ar sheirbhísí comhairleacha agus ar chláir oiliúna atá saincheaptha do riachtanais feirmeoirí óga, i gcomhréir le hAirteagal 20.

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tacaíocht d'fheirmeoirí beaga i gcomhréir le hAirteagal 7 lena ndírítear ar fheirmeoirí óga;	***scriosta***

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tacaíocht infheistíochta le déine cabhrach níos airde d'fheirmeoirí óga;	***scriosta***

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) deiseanna chun infheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag feirmeoirí óga a mhaoiniú trí na hionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) [...] [CNR];	***scriosta***

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe;	***scriosta***

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) idirghabhálacha comhair lena néascaítear rochtain ar nuálaíocht trí thionscadail ghrúpaí oibríochtúla CENAGRI i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán seo agus le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) [...] [CNR];	***scriosta***

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) idirghabhálacha comhair lena néascaítear comhar idirghlúine lena náirítear comharbas feirme i gcomhréir le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) [...] [CNR];	***scriosta***

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) tacaíocht do sheirbhísí faoisimh feirme i gcomhréir le hAirteagal 17;	***scriosta***

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) rochtain ar sheirbhísí comhairleacha agus ar chláir oiliúna atá saincheaptha do riachtanais feirmeoirí óga, i gcomhréir le hAirteagal 20.	***scriosta***

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Féadfaidh sraith de na bearta seo a leanas a bheith san áireamh sa Phacáiste tosaigh d'fheirmeoirí óga, i gcomhréir leis an Straitéis maidir le hAthnuachan ó Ghlúin go Glúin sa Talmhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 15;
	(a) tacaíocht d'fheirmeoirí óga a chur i mbun gnó i gcomhréir le hAirteagal 14;
	(b) tacaíocht d'fheirmeoirí beaga i gcomhréir le hAirteagal 7 lena ndírítear ar fheirmeoirí óga;
	(c) tacaíocht infheistíochta le déine cabhrach níos airde d'fheirmeoirí óga;
	(d) deiseanna chun infheistíochtaí arna gcur chun feidhme ag feirmeoirí óga a mhaoiniú trí na hionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) [...] [CNR];
	(e) dreasachtaí tacaíochta agus infheistíochta do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe;
	(f) idirghabhálacha comhair lena n-éascaítear rochtain ar nuálaíocht trí thionscadail ghrúpaí oibríochtúla CEN-AGRI i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán seo agus le hAirteagal 74 de

Rialachán (AE) [...] [CNR];

(g) idirghabhálacha comhair lena n-éascaítear comhar idirghlúine lena n-áirítear comharbas feirme i gcomhréir le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) [...] [CNR];

(h) tacaíocht do sheirbhísí faoisimh feirme i gcomhréir le hAirteagal 17.

Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit naisc agus sineirgí le bearta eile a leagtar amach ina bPleananna CNR a chomhtháthú i ndearadh na mbeart dá dtagraítear i mír 1, go háirithe maidir le bearta lena n-éascaítear comharbas idirghlúine agus athnuachan ó ghlúin go glúin, infheistíochtaí do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe, nó rochtain ar ionstraimí airgeadais agus úsáid na n-ionstraimí sin.	2. Déanfaidh na Ballstáit naisc agus sineirgí le bearta eile a leagtar amach ina bPleananna CNR a chomhtháthú i ndearadh na mbeart dá dtagraítear i mír 1, go háirithe maidir le bearta lena n-éascaítear comharbas idirghlúine agus athnuachan ó ghlúin go glúin, ***seirbhísí faoisimh feirme agus*** infheistíochtaí do ghnólachtaí nuathionscanta tuaithe, nó rochtain ar ionstraimí airgeadais agus úsáid na n-ionstraimí sin.

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun rochtain ar na hidirghabhálacha dá dtagraítear i ***mír*** 1 a éascú, bunóidh na Ballstáit pointe rochtana ***aonair*** d'fheirmeoirí óga a fhéadfaidh, inter alia, faisnéis a sholáthar maidir le	3. Chun rochtain ar na hidirghabhálacha dá dtagraítear i ***míreanna*** 1 ***agus 2*** a éascú, bunóidh na Ballstáit pointe rochtana d'fheirmeoirí óga a fhéadfaidh, inter alia, faisnéis a sholáthar maidir le deiseanna

deiseanna agus nósanna imeachta tacaíochta agus iontráil agus bunú in earnáil na talmhaíochta a éascú, lena n-áirítear iarratais ar chistiú agus treoraíocht a thíolacadh.	agus nósanna imeachta tacaíochta agus iontráil agus bunú in earnáil na talmhaíochta a éascú, lena n-áirítear iarratais ar chistiú agus treoraíocht a thíolacadh.

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil do na seirbhísí faoisimh feirme, lena gceadaítear d'fheirmeoirí saoire a ghlacadh maidir le breoiteacht, iompar clainne, cúram a thabhairt do leanaí agus do dhaoine eile den teaghlach, laethanta saoire agus imeachtaí saoil comhchosúla, chomh maith le rannpháirtíocht in oiliúint, mar a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.	1. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil do na seirbhísí faoisimh feirme, lena gceadaítear d'fheirmeoirí ***agus do bhaill teaghlaigh atá ag obair ar an bhfeirm*** saoire a ghlacadh maidir le breoiteacht, iompar clainne, cúram a thabhairt do leanaí agus do dhaoine eile den teaghlach, laethanta saoire agus imeachtaí saoil comhchosúla, chomh maith le rannpháirtíocht in oiliúint, mar a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil do LEADER chun straitéisí forbartha áitiúla LEADER a ullmhú agus a chur chun feidhme faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 76 de Rialachán (AE) [...] [CNR] agus mar a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.	1. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil do LEADER de [5 % ar a laghad] ***den mhéid iomlán atá tiomnaithe don fhorbairt tuaithe mar a leagtar amach in Airteagal 10(2), pointe (ii), nó Rialachán (AE) […] [CNR], dá dtagraítear in Airteagal 35(4a) de Rialachán (AE) […] [CNR]*** chun straitéisí forbartha áitiúla LEADER a

	ullmhú agus a chur chun feidhme faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 76 de Rialachán (AE) [...] [CNR] agus mar a shonraítear a thuilleadh ina bPleananna CNR.
	Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tacóidh na Ballstáit le LEADER ar a laghad i gceantair thuaithe ***faoi mhíbhuntáistí sonracha*** arna sainiú ag na Ballstáit sna Pleananna CNR.	2. Tacóidh na Ballstáit le LEADER ar a laghad i gceantair thuaithe arna sainiú ag na Ballstáit sna Pleananna CNR.
	Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil ***trí*** LEADER do thionscadail ***arna gcur chun feidhme*** ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla ***lena mbaineann gnólachtaí nuathionscanta, acmhainneacht bhreisluacha*** sa chlaochlú, éagsúlú gníomhaíochtaí ***feirme***, lena n-áirítear ***agrathurasóireacht***, díol díreach táirgí talmhaíochta ***agus*** nuálaíocht.	3. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht ar fáil ***faoi*** LEADER do thionscadail ***arna roghnú*** ag grúpaí gníomhaíochta áitiúla ***agus arna gcur chun feidhme le rannpháirtíocht gnólachtaí nuathionscanta, agus freisin, do ghnólachtaí nuathionscanta, d'fhothú acmhainneachta agus é mar aidhm*** leis sin ***breisluach a chur leis trí*** chlaochlú, ***d'éagsúlú*** gníomhaíochtaí ***talmhaíochta***, lena n-áirítear ***agrathurasóireacht***, ***do dhíol*** díreach táirgí talmhaíochta, ***agus don*** nuálaíocht, ***agus do gach tionscadal a rannchuidíonn le gníomhachtú an phobail áitiúil.***

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh an tacaíocht a chuirfear ar fáil ó LEADER dírithe ar réimsí forbartha tuaithe a bhfuil breisluach ag baint leo d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise, amhail claochlú sóisialta, comhshaoil, digiteach agus eacnamaíoch na gceantar tuaithe, feabhas a chur ar fholláine na saoránach tuaithe, an caipiteal sóisialta a neartú.	4. Beidh an tacaíocht a chuirfear ar fáil ó LEADER dírithe ar réimsí forbartha tuaithe do phobail tuaithe, ina bhfuil ról lárnach ag feirmeoirí agus sealbhóirí foraoise, amhail claochlú sóisialta, comhshaoil, digiteach agus eacnamaíoch na gceantar tuaithe, feabhas a chur ar fholláine na saoránach tuaithe, an caipiteal sóisialta a neartú***, seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil agus dálaí maireachtála foriomlána a fheabhsú agus riachtanais na mban á gcur i gcuntas***.

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) réitigh nuálacha a fhorbairt lena ndíreofar ar riachtanais shonracha feirmeoirí, sealbhóirí foraoise agus gníomhaithe tuaithe;	(a) réitigh nuálacha a fhorbairt lena ndíreofar ar riachtanais shonracha feirmeoirí, sealbhóirí foraoise agus gníomhaithe tuaithe***, i gcás inarb iomchuí, agus idirghníomhaíochtaí ar fud an tslabhra soláthair ar fad á gcur i gcuntas***;

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20a
	Faireachán ar acmhainní talmhaíochta
	Féadfaidh an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí tacú le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún trí fheidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta. Beidh sé d'aidhm ag na feidhmchláir chianbhraiteacha sin na modhanna seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún:
	(a) margaí talmhaíochta an Aontais a bhainistiú i gcomhthéacs domhanda;
	(b) faireachán agranamaíoch agus agra-chomhshaoil-aeráide a áirithiú ar úsáid talún talmhaíochta agus ar athrú ar an úsáid talún talmhaíochta, lena n-áirítear agrafhoraoiseacht, agus faireachán a áirithiú ar riocht na hithreach, na mbarr, na dtírdhreach agus na talún talmhaíochta chun gur féidir meastacháin a dhéanamh, go háirithe maidir le táirgeacht agus táirgeadh talmhaíochta agus na tionchair thalmhaíochta a bhaineann le himthosca eisceachtúla, agus chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar athléimneacht na gcóras talmhaíochta agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha na Náisiúin Aontaithe a bhaint amach;
	(c) an rochtain ar na meastacháin dá dtagraítear i bpointe (b) a chomhroinnt i gcomhthéacs idirnáisiúnta, amhail na tionscnaimh arna gcomhordú ag eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear fardail gás ceaptha teasa a bhunú faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, nó ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile;
	(d) rannchuidiú le bearta sonracha lena

méadaítear trédhearcacht margaí domhanda agus cuspóirí agus gealltanais an Aontais á gcur i gcuntas;

(e) obair leantach theicneolaíoch an chórais agraimeitéareolaíoch a áirithiú.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 37 CNR roimhe seo, cuireadh ceartúcháin teanga leis)

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20b
	Íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha
	1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d'fheirmeoirí atá buailte ag tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha. Is é is aidhm do na híocaíochtaí sin leanúnachas ghníomhaíocht talmhaíochta na bhfeirmeoirí sin a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit.
	***2. Maidir leis an tacaíocht faoin Airteagal seo, beidh sí faoi réir aithint fhoirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide nó teagmhas turraingeach, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát, agus gurbh iad na teagmhais sin, na bearta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh, na**

bearta arna nglacadh chun galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún a chosc nó a dhíothú nó na bearta arna nglacadh maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429, ba chúis dhíreach le damáiste a raibh scrios 30 % ar a laghad de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin mar thoradh air, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a chur i gcuntas.

3. Ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháltais san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an réimse sonrach lena mbaineann.

4. Bunóidh na Ballstáit na rátaí tacaíochta is infheidhme chun an caillteanas táirgeachta a chúiteamh. Beidh na rátaí sin níos airde i gcás feirmeoirí a chuireann chun feidhme freisin idirghabhálacha nó gníomhaíochtaí coisctheacha eile ar leibhéal na feirme, chun leibhéal na rioscaí a bhaineann le táirgeadh agus ioncaim a dtugtar tacaíocht ina leith a laghdú. Féadfar innéacsanna a úsáid chun caillteanas táirgeachta a ríomh.

5. Agus tacaíocht á deonú faoin Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh mar thoradh ar theaglaim na tacaíochta sin agus ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó scéimeanna árachais phríobháidigh.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 38 CNR roimhe seo; cuireadh ceartúchán teanga leis)

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20c
	Tacaíocht intíre ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála
	1. Déanfaidh na Ballstáit idirghabhálacha tacaíochta ioncaim CBT a cheapadh ar bhonn na gcineálacha idirghabhála a liostaítear in Iarscríbhinn XVII [Iarscríbhinn EDT] a ghabhann leis an Rialachán seo, lena n-áirítear na sainmhínithe agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 1a (nua) agus in Airteagal 1b (nua) den Rialachán seo agus in Airteagal 4 de Rialachán CNR, sa chaoi go gcáileoidh siad faoi chritéir Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht.
	2. Maidir leis an tacaíocht dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (g), (o) agus (p) d'Airteagal 5 den Rialachán seo, cáileoidh sí faoi chritéir mhíreanna Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht a léirítear in Iarscríbhinn XVII [Iarscríbhinn EDT] a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na n-idirghabhálacha sin. I gcás na n-idirghabhálacha eile, is míreanna táscacha iad na míreanna d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht agus a chuirtear in iúl in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo [Iarscríbhinn EDT] agus, ina ionad sin, féadfaidh na hidirghabhálacha sin mír eile d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht a

chomhlíonadh, má shonraítear agus má mhínítear sin sa Phlean CNR.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 40 CNR roimhe seo)

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20d
	Cur chun feidhme an Mheabhráin Tuisceana maidir le síolta ola
	1. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit foráil maidir le hidirghabhálacha limistéarbhunaithe atá ábhartha don Iarscríbhinn a ghabhann leis an Meabhrán Tuisceana idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le síolta ola faoi GATT, ní rachaidh iomlán an limistéir tacaíochta bunaithe ar na haschuir bheartaithe a áirítear i bPleananna na mBallstát lena mbaineann thar an limistéar uasta tacaíochta le haghaidh an Aontais ina iomláine.
	2. Gach Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dheonú, léireoidh sé na haschuir chomhfhreagracha atá beartaithe i heicteáir sa Phlean CNR.
	3. Má sháraíonn gach aschur beartaithe a mholann na Ballstáit ina bPleananna CNR an limistéar uasta tacaíochta le haghaidh an Aontais ina iomláine dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar an limistéar tacaíochta tagartha táscach do gach

Ballstát arna ríomh ar bhonn sciar gach Ballstáit den mheánlimistéar saothraithe san Aontas le linn na 5 bliana roimhe sin ag tosú leis an mbliain roimh chur isteach thogra an Phlean. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 88 de Rialachán CNR [nós imeachta coiste].

4. Cuirfidh an Coimisiún gach ceann de na Ballstáit sin ar an eolas faoin gcomhéifeacht laghdaithe. Déanfaidh na Ballstáit na haschuir atá beartaithe, is é sin na haschuir a moladh i bPleananna CNR, a choigeartú i gcomhréir leis na comhéifeachtaí laghdaithe.

5. Má tá sé ar intinn ag Ballstát na haschuir bheartaithe dá dtagraítear i mír 1 a leagtar amach i bPlean CNR atá formheasta ag an gCoimisiún a mhéadú, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún trí bhíthin iarraidh ar an bPlean CNR a leasú.

6. I gcás inar gá chun sárú an limistéar uasta tacaíochta don Aontas ina iomláine dá dtagraítear i mír 1 a sheachaint, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i bhfoirm cinneadh lena socrófar na comhéifeachtaí laghdaithe nó lena ndéanfar athbhreithniú ar na comhéifeachtaí laghdaithe atá ann cheana i gcás na mBallstát uile a sháróidh a limistéar tacaíochta tagartha ina bPleananna CNR.

7. Déanfaidh na Ballstáit saothrú síolta lus na gréine lena n-ithe a eisiamh ó aon idirghabháil limistéarbhunaithe dá dtagraítear i mír 1.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 41 CNR roimhe seo, cuireadh ceartúchán teanga leis)

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20e
	Raon feidhme agus ceanglais choiteanna
	1. Leagtar síos sa Chaibidil seo cineálacha sonracha idirghabhála don talmhaíocht chun na deacrachtaí a bhaineann le hoileánachas, le beagmhéid agus le hiargúltacht mhargaí na n-oileán beag Aeigéach a mhaolú.
	2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'na hoileáin bheaga Aeigéacha' aon oileán sa Mhuir Aeigéach, cé is moite den Chréit agus d'Euboea.
	3. Chomh maith le rannchuidiú leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán CNR, rannchuideoidh na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1 leis na cuspóirí seo a leanas:
	(a) soláthar táirgí do na hoileáin bheaga Aeigéacha a ráthú, ar táirgí iad atá fíor-riachtanach do thomhaltas an duine nó don phróiseáil agus mar ionchuir thalmhaíochta, lena maolófar na costais bhreise a bhaineann lena bhfíor-iargúltacht nó lena n-oileánachas, gan dochar a dhéanamh don táirgeadh áitiúil ná don fhás áitiúil;
	(b) todhchaí fhadtéarmach agus forbairt gníomhaíochtaí talmhaíochta sna hoileáin bheaga Aeigéacha a dhaingniú, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil agus díol barr agus táirgí áitiúla, agus béim ar leith á leagan ar shlándáil bia agus ar neamhthuilleamaíocht, agus a n-iomaíochas a choinneáil ar bun agus a neartú.
	4. Féadfaidh an Ghréig na hidirghabhálacha dá dtagraítear in

Airteagal 35(1) de Rialachán CNR a chur chun feidhme sna hoileáin bheaga Aeigéacha, cé is moite díobh siúd dá dtagraítear i bpointe (o) [na réigiúin is forimeallaí] de [Cineálacha idirghabhála].

5. Beidh feidhm ag maoirseacht feirme dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo maidir le tairbhithe a fhaigheann tacaíocht do tháirgí talmhaíochta áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 20g (nua) den Rialachán seo [Tacaíocht do tháirgí talmhaíochta áitiúla].

6. Mar sin féin, maidir le tairbhí na tacaíochta do tháirgí talmhaíochta áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 20g (nua) den Rialachán seo [Tacaíocht do tháirgí talmhaíochta áitiúla] a fhaigheann íocaíocht bhliantúil nach mó ná EUR 3 000, beidh sé díolmhaithe ó na ceanglais maidir le maoirseacht feirme dá dtagraítear i gcodanna A agus C d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 42 CNR roimhe seo; cuireadh ceartúcháin teanga leis)

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20f
	Socruithe soláthair sonracha
	1. Leagfar síos socruithe sonracha soláthair do na táirgí talmhaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE agus atá riachtanach sna hoileáin bheaga Aeigéacha le haghaidh

thomhaltas an duine, le haghaidh monarú táirgí eile, nó mar ionchuir thalmhaíochta.

2. Bunóidh an Ghréig ina plean, ar an leibhéal geografach a mheasann sí is iomchuí, uasmhéid gach táirge talmhaíochta, as measc na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, chun na ceanglais soláthair bhliantúla le haghaidh na n-oileán beag Aeigéach a chainníochtú.

3. Is éard a bheidh in uasmhéid na dtáirgí talmhaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin méideanna na dtáirgí sin a theastaíonn ó ghnóthais a dhéanann táirgí a phacáistiú agus a phróiseáil, ar táirgí iad atá beartaithe don mhargadh áitiúil, lena gcoinsíniú chuig an gcuid eile den Aontas nó lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha mar chuid den trádáil réigiúnach nó i gcomhthéacs sreafaí trádála traidisiúnta. Bunófar uasmhéid na dtáirgí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chainníochtaí na dtáirgí sin a socraíodh sna réamh-mheastacháin soláthair don chlárthréimhse roimhe sin.

4. Deonófar cabhair chun táirgí an Aontais a sholáthar do na hoileáin bheaga Aeigéacha chun na riachtanais shonracha soláthair arna mbunú i gcomhréir le mír 2 a áirithiú ó thaobh praghais agus cáilíochta de, agus sciar an Aontais i soláthar na dtáirgí sin á choinneáil.

5. Ní dheonófar aon chabhair chun táirgí a sholáthar ar táirgí iad a thairbhigh cheana féin de na socruithe sonracha soláthair in oileán beag Aeigéach eile.

6. Ní chuimseofar faoi na socruithe soláthair sonracha ach táirgí ar cháilíocht shlán, chóir, indíolta.

7. Agus na socruithe soláthair sonracha á gcur chun feidhme, cuirfidh an Ghréig san áireamh go háirithe an gá atá lena áirithiú nach ndéanfar an táirgeadh

áitiúil atá ann cheana a dhíchobhsú ná bac a chur air le linn a fhorbartha agus an ceanglas a leagtar síos i mír 5.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 43 CNR roimhe seo; cuireadh ceartúcháin teanga leis)

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20g
	Cabhair le haghaidh táirgí talmhaíochta áitiúla
	1. Deonóidh an Ghréig tacaíocht do tháirgeadh, do phróiseáil, do mhargú agus d'iompar táirgí talmhaíochta amha agus táirgí talmhaíochta próiseáilte sna hoileáin bheaga Aeigéacha.
	2. Dearfaidh an Ghréig na hidirghabhálacha chun leanúnachas agus forbairt an táirgthe áitiúil talmhaíochta a áirithiú sna hoileáin bheaga Aeigéacha.
	3. Déanfaidh an Ghréig foráil maidir le dáileadh cothrom íocaíochtaí. Féadfaidh an Ghréig uasteorainn a chur le méid na tacaíochta atá le deonú do thairbhí i mbliain féilire ar leith nó féadfaidh sí íocaíochtaí céimlaghdaitheacha a úsáid.
	4. Féadfaidh an Ghréig cabhair a dheonú chun táirgí a mhargú lasmuigh den réigiún ina dtáirgtear iad. Ní sháróidh an chabhair sin 10 % de luach an táirgthe arna mhargú, arna sheachadadh chuig crios cinn scríbe i mbliain féilire ar leith.
	5. Sa chás go ndéantar Plean a leasú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán CNR [leasuithe ar Phleananna], féadfaidh tairbhithe atá buailte ag an

tubaiste nádúrtha eisceachtúil nó an teagmhas meitéareolaíoch tromchúiseach leanúint de thairbhe a bhaint as tacaíocht i bhfoirm beart chun tacú le táirgeadh, próiseáil nó díolachán dá bhforáiltear i mír 1 gan beann ar leibhéal a ngníomhaíochta feadh na tréimhse athchóirithe, ach faoi réir ag gealltanas foirmiúil a n-acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a athbhunú.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 44 CNR roimhe seo)

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20h
	Rialuithe agus pionóis
	1. I gcás na socruithe soláthair sonracha, déanfaidh an Ghréig fíoruithe trí bhíthin seiceálacha riaracháin, fisiceacha agus seiceálacha ar an láthair.
	2. Na seiceálacha riaracháin a dhéantar ar allmhairiú, iontráil, onnmhairiú agus seoladh táirgí, beidh siad uileghabhálach agus beidh cros-seiceálacha leis na doiciméid tacaíochta i gceist leo. Maidir leis na seiceálacha fisiceacha a dhéanfar sna hoileáin bheaga Aeigéacha lena mbaineann ar allmhairiú nó ar iontráil táirgí talmhaíochta, beidh sampla ionadaíoch i gceist leo arb é a bheidh ann 5 % ar a laghad de na ceadúnais agus de na deimhnithe.
	3. I gcás bearta chun tacú leis an táirgeadh áitiúil, déanfaidh an Ghréig fíoruithe trí bhíthin seiceálacha

riaracháin agus seiceálacha ar an láthair.

4. Beidh seiceálacha riaracháin uileghabhálach agus áireofar leo cros-seiceálacha, inter alia, le sonraí ón riaracháin agus ón rialú comhtháite.

5. Roghnófar iarratasóirí ar chabhair le haghaidh socruithe soláthair sonracha agus tacaíocht don táirgeadh áitiúil chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil seiceálacha ar an láthair orthu ar bhonn anailís riosca agus ionadaíochas na n-iarratas ar chabhair arna gcur isteach, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha ar an láthair trí shampláil, le haghaidh gach gníomhaíochta, ar 5 % ar a laghad de na hiarratais ar chabhair. Is éard a bheidh sa sampla freisin 5 % ar a laghad de na méideanna a chumhdaítear leis an gcabhair le haghaidh gach gníomhaíochta.

I ngach cás iomchuí, bainfidh an Ghréig úsáid as an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 20j (nua) den Rialachán seo.

Beidh gach seiceáil ar an láthair faoi réir tuarascáil chigireachta ina mbeidh sonraí na seiceálacha a rinneadh.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 45 CNR roimhe seo)

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20i
	Líonra Eorpach agus náisiúnta CBT
	1. Déanfaidh gach Ballstát, 12 mhí ar a dhéanaí tar éis don Choimisiún an Plean

a fhormheas, líonra náisiúnta le haghaidh CBT ('líonra náisiúnta CBT') i gcomhair líonrú eagraíochtaí agus riarachán, comhairleoirí, taighdeoirí agus gníomhaithe eile nuálaíochta, agus gníomhaithe eile i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe ar an leibhéal náisiúnta a bhunú agus tacóidh sé leis an líonra sin. Cuirfidh na líonraí náisiúnta CBT leis an taithí agus na cleachtais líonraithe atá ann cheana sna Ballstáit.

2. Bunóidh an Coimisiún líonra Eorpach le haghaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta ('líonra Eorpach CBT') chun líonraí náisiúnta, eagraíochtaí, agus riarachán a nascadh i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe ar leibhéal an Aontais.

3. Is iad seo a leanas cuspóirí líonraí náisiúnta agus Eorpacha CBT:

(a) ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara i ndearadh agus i gcur chun feidhme idirghabhálacha CBT an Phlean CNR;

(b) tacú le riaracháin na mBallstát idirghabhálacha CBT a chur chun feidhme;

(c) feabhas a chur ar cháilíocht na bPleananna CNR agus go háirithe a mbearta a bhaineann leis an talmhaíocht agus torthaí a scaipeadh;

(d) nuálaíocht, foghlaim idir piaraí, agus comhroinnt eolais a chothú;

(e) acmhainneachtaí faireacháin agus meastóireachta a fheabhsú;

(f) faisnéis a scaipeadh maidir le CBT agus deiseanna cistiúcháin;

(g) rannchuidiú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar CBT.

4. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 6 a bhaint amach, déanfaidh na líonraí an méid seo a leanas:

(a) faisnéis maidir le dea-chleachtais a bhaineann le CBT a bhailiú, a anailísiú

agus a scaipeadh chomh maith le hanailís a dhéanamh ar fhorbairtí sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe;

(b) acmhainneacht a fhothú do riaracháin na mBallstát agus do ghníomhaithe eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na bPleananna CNR maidir le CBT agus le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu;

(c) malartuithe, foghlaim idir piaraí, agus líonrú a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, malartuithe le líonraí i dtríú tíortha;

(d) tacú le líonrú tionscadal comhair cistithe, amhail grúpaí gníomhaíochta áitiúla faoi Airteagal 18a [LEADER] den Rialachán seo, grúpaí oibríochtúla na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 19 den Rialachán seo (agus naisc le straitéisí eile arna gcistiú ag an Aontas a chur chun cinn).

5. Oibreoidh Líonra Eorpach CBT agus líonraí náisiúnta CBT i gcomhar le chéile agus cuirfidh siad gníomhaíochtaí comhpháirteacha i gcrích chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 3 a bhaint amach. Bainfidh líonra Eorpach CBT úsáid as sainaitheantas sainiúil físiúil.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 57 CNR roimhe seo)

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 j (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 20j

Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR)

1. Bunóidh agus oibreoidh gach Ballstát córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (an 'córas comhtháite'). Beidh feidhm aige maidir leis na hidirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 35(1), pointí (a) go (g) de Rialachán CNR.

2. A mhéid is gá, úsáidfear an córas comhtháite freisin chun maoirseacht feirme dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo a bhainistiú, agus i ngach cás is iomchuí do na bearta dá dtagraítear i dTeideal VI [forálacha maidir le tacaíocht do na réigiúin is forimeallaí] de Rialachán CNR.

3. Beidh na gnéithe seo a leanas sa chóras comhtháite:

(a) córas faireacháin talmhaíochta (AMS). Is nós imeachta é córas faireacháin talmhaíochta chun breathnóireacht, rianú agus measúnú tráthrialta córasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar chleachtais talmhaíochta trí mhodhanna teicneolaíochta, lena n-áirítear sonraí ó shatailítí de chuid fairtheoirí Copernicus;

(b) córas iarratais geospásúil agus ainmhí-bhunaithe (GSA). Is uirlis iarratais dhigitigh é an t-iarratas geospásúil don tairbhí chun gníomhaíochtaí agus cleachtais talmhaíochta an ghabháltais a dhearbhú;

(c) Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS);

(d) córas chun ainmhithe a shainaithint agus a chlárú;

(e) córas chun tairbhithe na n-idirghabhálacha a liostaítear i míreanna 1 agus 2 a shainaithint;

(f) córas rialaithe agus pionóis. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha riaracháin gach bliain ar an iarratas ar chabhair agus ar na héilimh íocaíochta

chun dlíthiúlacht agus rialtacht a fhíorú. Déanfar na seiceálacha sin a fhorlíonadh le seiceálacha ar an láthair agus féadfar iad a dhéanamh go cianda trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcás ina ndéantar faireachán ar na coinníollacha incháilitheachta go léir de na bearta nó ar chuid díobh faoin gcóras faireacháin talmhaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) den Airteagal seo.

4. Déanfaidh na Ballstáit measúnú bliantúil ar cháilíocht ghnéithe an chórais chomhtháite dá dtagraítear i mír 3, pointí (a), (b) agus (c), i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bunú ar leibhéal an Aontais.

I gcás ina léirítear sa mheasúnú go bhfuil easnaimh i ngnéithe an chórais chomhtháite, glacfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí nó, ina éagmais sin, iarrfaidh an Coimisiún orthu treochlár a bhunú ina sonrófar an amlíne chun na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá fós gan réiteach a chur chun feidhme.

Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil mheasúnachta agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoin 15 Márta tar éis na bliana féilire lena mbaineann.

5. Soláthróidh an Coimisiún na sonraí satailíte is gá don chóras faireacháin talmhaíochta saor in aisce do na húdaráis is inniúil maidir leis an gcóras faireacháin talmhaíochta nó do sholáthraithe seirbhísí arna n-údarú ag na húdaráis sin chun ionadaíocht a dhéanamh orthu. Chun críche an mheasúnaithe cáilíochta ar an gcóras comhtháite dá dtagraítear i mír 4, soláthróidh an Coimisiún na híomhánna 'fíor-ardtaifigh' is gá dóibh, saor in aisce. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ina úinéir ar na sonraí agus ar na híomhánna

satailíte.

6. Áireofar sa chóras Eorpach um fhaireachán talún ar a laghad na sonraí a bhaineann le gnéithe an chórais chomhtháite dá dtagraítear i mír 3 agus, i gcás inarb infheidhme, sonraí arna gcomhroinnt ag feirmeoirí le húdaráis phoiblí i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo. Féadfaidh na Ballstáit seirbhísí breise a sholáthar chun an córas Eorpach um fhaireachán talún a fheabhsú le foinsí eile faisnéise a rachaidh chun tairbhe na bhfeirmeoirí.

7. I gcás inar gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme an córas comhtháite dá bhforáiltear sa Chaibidil seo ar bhealach éifeachtúil comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leasanna airgeadais an Aontais, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir leis an modheolaíocht arna bunú ar leibhéal an Aontais le haghaidh an mheasúnaithe bhliantúil cáilíochta ar eilimintí den chóras comhtháite, dá dtagraítear i mír (3), pointe (a), (b) agus (c); agus

(b) rialacha maidir le Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún, dá dtagraítear i mír 3, pointe (c).

8. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an fhoirm agus an t-ábhar agus na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:

(i) an tuarascáil mheasúnachta dá dtagraítear i mír (4);

(ii) na gníomhaíochtaí ceartaitheacha arna soláthar ag na Ballstáit;

(b) gnéithe bunúsacha agus rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(i) córas faireacháin talmhaíochta;

(ii) iarratas geospásúil;

(iii) Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún;

(iv) an córas Eorpach um fhaireachán talún.

9. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 25(3).

Or. en

Justification

(former NRP Art. 70) and amended; amendment (3f) "all or part of " added; amendment (4): "15 March" instead of "15 February"; deletion of original (6): 6. Without prejudice to the responsibilities of the Member States for the implementation and application of the integrated system Member States shall establish the European land monitoring system. It shall provide information to farmers to support sustainable management of their holdings. Furthermore, it shall provide data for CAP policy development and monitoring, and promote sharing of farm sustainability data; linguistic correction added)

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 21a
	Rialacha is infheidhme maidir le gnóthais
	I gcás ina ndeonaítear tacaíocht trí idirghabhálacha CBT dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán CBR do chineálacha comhair idir gnóthais, ní fhéadfar í a dheonú ach do na cineálacha comhair sin a chomhlíonann na rialacha iomaíochta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 40 roimhe seo de Rialachán CNR)

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
IARSCRÍBHINN I – Cuid A: Rialacha maidir le maoirseacht feirme:

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún			
Réimsí	**Príomh-shainchei st**	**Reachtúil**	**Ceanglais Bhainistíochta**
An comhshaol agus an aeráid	Uisce	CRB 1	Treoir 2000/60/CE: Airteagal 11(3), pointe (e), agus pointe (h), a mhéid a bhaineann leis na ceanglais éigeantacha chun foinsí idirleata an truaillithe fosfáite a rialú
An comhshaol agus an aeráid	***Uisce***	***CRB 2***	***Treoir 91/676/CEE ón gComhairle[1]: Airteagail 4 agus 5***
An comhshaol agus an aeráid	***Bithéagsúlacht agus tírdhreach (cosaint agus cáilíocht)***	***CRB 3***	***Treoir 2009/147/CE Airteagal 3(1), Airteagal 3(2), pointe (b) agus Airteagal 4(1), (2) agus (4)***
An comhshaol agus an aeráid	***Bithéagsúlacht agus tírdhreach (cosaint agus cáilíocht)***	***CRB 4***	***Treoir 92/43/CEE: Airteagal 6(1) agus (2)***
Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Sábháiltea cht bia	CRB 5	Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] Airteagail 14 agus 15, Airteagal 17(1)[3] agus Airteagail 18, 19 agus 20

Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Sábháiltea cht bia	CRB 6	Treoir 96/22/CE ón gComhairle[4]: Airteagal 3, pointí (a), (b), (d) agus (e), agus Airteagail 4, 5 agus 7
Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Táirgí cosanta plandaí	CRB 7	Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]: Airteagal 55, an chéad abairt agus an dara habairt
Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Táirgí cosanta plandaí	CRB 8	Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]: Airteagal 5(2) agus Airteagal 8(1) go (5), Airteagal 12 maidir leis na srianta ar úsáid lotnaidicídí i limistéir faoi chosaint a shainítear ar bhonn Threoir 2000/60/CE agus reachtaíocht Natura 2000 Airteagal 13(1) agus (3) maidir le lotnaidicídí a láimhseáil agus a stóráil agus fuílligh a dhiúscairt
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 9	Treoir 2008/119/CE ón gComhairle[7]: Airteagail 3 agus 4
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 10	Treoir 2008/120/CE ón gComhairle[8]: Airteagail 3 agus 4
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 11	Treoir 98/58/CE ón gComhairle[9]: Airteagal 4

[1] ***Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/676/oj).***

[2] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI:

[3] Arna chur chun feidhme go háirithe leo seo a leanas:
— Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 37/2010,
— Rialachán (CE) Uimh. 852/2004: Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I, cuid A (II 4 (g, h, j), 5 (f, h), 6; III 8 (a, b, d, e), 9 (a, c)),
— Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: Airteagal 3(1) agus Iarscríbhinn III Roinn IX Caibidil 1 (I-1 b, c, d, e; I-2 a (i, ii, iii), b (i, ii), c; I-3; I-4; I-5; II-A 1, 2, 3, 4; II-B 1(a, d), 2, 4 (a, b)), Iarscríbhinn III Roinn X Caibidil 1(1),
— Rialachán (CE) Uimh. 183/2005: Airteagal 5(1), (5) agus (6), Iarscríbhinn I, cuid A (I-4 e, g; II-2 a, b, e), agus Iarscríbhinn III (faoin gceannteideal 'BEATHÚ', pointe 1 dar teideal 'Stóráil', an chéad abairt agus an abairt dheireanach, agus pointe 2 dar teideal 'Dáileadh', an tríú habairt),

agus
— Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: Airteagal 18.

[4] Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoir 81/602/CEE, Treoir 88/146/CEE agus Treoir 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/22/oj).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

[6] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj).

[7] Treoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun laonna a chosaint (IO L 10, 15.1.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/119/oj).

[8] Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint (IO L 47, 18.2.2009, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/120/oj).

[9] Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta a chosaint (IO L 221, 8.8.1998, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/58/oj).

Leasú

Réimsí	**Príomh-shainchei st**	**Reachtúil**	**Ceanglais Bhainistíochta**
An comhshaol agus an aeráid	Uisce	CRB 1	Treoir 2000/60/CE: Airteagal 11(3), pointe (e), agus pointe (h), a mhéid a bhaineann leis na ceanglais éigeantacha chun foinsí idirleata an truaillithe fosfáite a rialú
scriosta			
scriosta			
scriosta			
Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Sábháiltea cht bia	CRB 5	Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] Airteagail 14 agus 15, Airteagal 17(1)[3] agus Airteagail 18, 19 agus 20

Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Sábháiltea cht bia	CRB 6	Treoir 96/22/CE ón gComhairle[4]: Airteagal 3, pointí (a), (b), (d) agus (e), agus Airteagail 4, 5 agus 7
Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Táirgí cosanta plandaí	CRB 7	Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]: Airteagal 55, an chéad abairt agus an dara habairt
Sláinte phoiblí agus sláinte plandaí	Táirgí cosanta plandaí	CRB 8	Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]: Airteagal 5(2) agus Airteagal 8(1) go (5), Airteagal 12 maidir leis na srianta ar úsáid lotnaidicídí i limistéir faoi chosaint a shainítear ar bhonn Threoir 2000/60/CE agus reachtaíocht Natura 2000 Airteagal 13(1) agus (3) maidir le lotnaidicídí a láimhseáil agus a stóráil agus fuílligh a dhiúscairt
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 9	Treoir 2008/119/CE ón gComhairle[7]: Airteagail 3 agus 4
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 10	Treoir 2008/120/CE ón gComhairle[8]: Airteagail 3 agus 4
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 11	Treoir 98/58/CE ón gComhairle[9]: Airteagal 4

[1] ***scriosta***

[2] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI:

[3] Arna chur chun feidhme go háirithe leo seo a leanas:
— Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 37/2010,
— Rialachán (CE) Uimh. 852/2004: Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I, cuid A (II 4 (g, h, j), 5 (f, h), 6; III 8 (a, b, d, e), 9 (a, c)),
— Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: Airteagal 3(1) agus Iarscríbhinn III Roinn IX Caibidil 1 (I-1 b, c, d, e; I-2 a (i, ii, iii), b (i, ii), c; I-3; I-4; I-5; II-A 1, 2, 3, 4; II-B 1(a, d), 2, 4 (a, b)), Iarscríbhinn III Roinn X Caibidil 1(1),
— Rialachán (CE) Uimh. 183/2005: Airteagal 5(1), (5) agus (6), Iarscríbhinn I, cuid A (I-4 e, g; II-2 a, b, e), agus Iarscríbhinn III (faoin gceannteideal 'BEATHÚ', pointe 1 dar teideal 'Stóráil', an chéad abairt agus an abairt dheireanach, agus pointe 2 dar teideal 'Dáileadh', an tríú habairt), agus
— Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: Airteagal 18.

[4] Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoir 81/602/CEE, Treoir 88/146/CEE agus Treoir 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/22/oj).
[5] Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).
[6] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj).
[7] Treoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun laonna a chosaint (IO L 10, 15.1.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/119/oj).
[8] Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint (IO L 47, 18.2.2009, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/120/oj).
[9] Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta a chosaint (IO L 221, 8.8.1998, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/58/oj).

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
IARSCRÍBHINN I – Cuid C: Rialacha maidir le cleachtais chosanta

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	
Cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(4)	**Cuspóirí sonracha na gcleachtas cosanta**
(a) Ithreacha ar mhórán carbóin, gnéithe tírdhreacha agus féarthailte buana ar limistéar talmhaíochta a chosaint	Ithreacha ar mhórán carbóin a chosaint lena n-áirítear bogaigh, tailte portaigh agus gnéithe tírdhreacha a chosaint
(a) Ithreacha ar mhórán carbóin, gnéithe tírdhreacha agus féarthailte buana ar limistéar talmhaíochta a chosaint	Féarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de ar limistéar talmhaíochta i láithreáin Natura 2000 a chosaint
(b) Ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil lena n-áirítear uainíocht nó éagsúlú ithreach, agus cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil	Ithir a chosaint ar chreimeadh faoi réir coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an láithreán

(b) Ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil lena n-áirítear uainíocht nó éagsúlú ithreach, agus cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil	Acmhainn na hithreach a chaomhnú, lena n-áirítear: - ***Cosaint ithreacha le linn na dtréimhsí is íogaire*** - Uainíocht nó éagsúlú barr
(b) Ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil lena n-áirítear uainíocht nó éagsúlú ithreach, agus cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil	Ábhar orgánach san ithir a chothabháil trí fhuíoll barr a bhainistiú, lena n-áirítear toirmeasc ar choinleach a dhó ar thalamh arúil
(c) Uiscebhealaí agus screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha	Uiscebhealaí agus screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha***, lena n-áirítear trí stiallacha maoláin a bhunú feadh uiscebhealaí***
Leasuithe	
Cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(4)	**Cuspóirí sonracha na gcleachtas cosanta**
(a) Ithreacha ar mhórán carbóin, gnéithe tírdhreacha agus féarthailte buana ar limistéar talmhaíochta a chosaint	Ithreacha ar mhórán carbóin a chosaint lena n-áirítear bogaigh, tailte portaigh agus gnéithe tírdhreacha a chosaint
(a) Ithreacha ar mhórán carbóin, gnéithe tírdhreacha agus féarthailte buana ar limistéar talmhaíochta a chosaint	Féarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de ar limistéar talmhaíochta i láithreáin Natura 2000 a chosaint
(b) Ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil lena n-áirítear uainíocht nó éagsúlú ithreach, agus cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil	Ithir a chosaint ar chreimeadh faoi réir coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an láithreán
(b) Ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil lena n-áirítear uainíocht nó éagsúlú ithreach, agus cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil	Acmhainn na hithreach a chaomhnú, lena n-áirítear: - Éagsúlú barr
(b) Ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainn na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil lena n-áirítear uainíocht nó éagsúlú ithreach, agus cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil	Ábhar orgánach san ithir a chothabháil trí fhuíoll barr a bhainistiú, lena n-áirítear toirmeasc ar choinleach a dhó ar thalamh arúil
(c) Uiscebhealaí agus screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun	Uiscebhealaí a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha

srutha	

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
IARSCRÍBHINN II

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún		
IARSCRÍBHINN II		
Rialacha maidir le coibhéisí ainmhithe a ríomh chun críche tacaíochta ioncaim cúpláilte dá dtagraítear in Airteagal 11 ***Úsáidfidh na Ballstáit na comhéifeachtaí seo a leanas chun ainmhithe a thiontú go coibhéisí ainmhithe chun críoch na n-idirghabhálacha tacaíochta ioncaim cúpláilte dá dtagraítear in Airteagal 11(1).***		
Speicis	***Aois/catagóir***	***Comhéifeacht***
Bó-ainmhithe	***faoi bhun 6 mhí d'aois***	***0,4***
	ó 6 mhí d'aois go dtí 2 bhliain d'aois	***0,6***
	os cionn 2 bhliain d'aois	***1,0***
Ainmhithe den speiceas eachaí	***os cionn 6 mhí d'aois***	***1,0***
Caoirigh agus gabhair		***0,15***
Muca	***cránacha pórúcháin > 50kg***	***0,5***
	muca eile	***0,3***
Éanlaith chlóis		
	béaróga	***0,014***
	éanlaith chlóis eile	***0,03***
Leasú		
scriosta		

Or. en

Leasú 135

IARSCRÍBHINN IIa (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún
Leasú

Tacaíocht intíre ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála **Tacaíocht intíre ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála de bhun Airteagal 20c (nua) den Rialachán seo**		
Cineál idirghabhála	***Tagairt sa Rialachán seo***	***Mír d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú EDT maidir leis an Talmhaíocht ('Bosca Glas')***
Gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil agus aeráide	***Airteagal 10***	***5, 11, 12***
Tacaíocht ioncaim chéimlaghdaitheach limistéarbhunaithe	***Airteagal 5a (nua)***	***5***
Íocaíocht d'fheirmeoirí beaga	***Airteagal 7***	***5***
Íocaíocht i leith srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar	***Airteagal 8***	***13***
Tacaíocht do mhíbhuntáistí a thagann as ceanglais shainordaitheacha áirithe	***Airteagal 9***	***12***
Feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua a bhunú	***Airteagal 14***	***2, 5, 11***
Tacaíocht d'infheistíochtaí d'fheirmeoirí agus do shealbhóirí foraoise	***Airteagal 13***	***8, 11***
Seirbhísí faoisimh feirme	***Airteagal 17***	***2***
Scéim scoile	***Airteagail 27, 28 CEM***	***4***
Tacaíocht d'idirghabhálacha in earnálacha áirithe	***Airteagal 32 CEM – pointí (b), (c), (d), (e), (h), (i), (m)***	***2***
	Airteagal 32, pointe (a), CEM	***2, 11***
	Airteagal 32, pointí (f), (g), (s), CEM	***2, 11, 12***
	Airteagal 32, pointe (n), CEM	***8, 11, 12***
Tacaíocht le haghaidh na réigiún is forimeallaí	***cé is moite de thacaíocht do bhananaí (Bosca Gorm – ná tagraítear dó sa tábla)***	***13***
Tacaíocht le haghaidh na nOileán Beag Aeigéach	***Airteagail 20c(nua), 20f(nua), 20g(nua),***	***13***

	20h(nua)	
Íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha	***Airteagal 20b (nua)***	***8***

Or. en

Réasúnú

(Airteagal 40 roimhe seo de Rialachán CNR)

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) láidir fós ríthábhachtach chun slándáil bia a áirithiú, iomaíochas thalmhaíocht na hEorpa a chosaint, agus beogacht eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe ar fud na hEorpa a choinneáil ar bun.

Trí phríomhfhorálacha an Rialacháin maidir leis an bPlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a ionchorprú sa Rialachán seo, tá bunús tábhachtach leagtha síos ag Parlaimint na hEorpa cheana féin chun CBT a chaomhnú mar bheartas Eorpach ar leith. Áirithítear leis sin go leanfar de chinntí a dhéanann difear don talmhaíocht agus d'fheirmeoirí a dhéanamh faoi chuimsiú CBT, rud a chuirfidh bonn ar fáil do bheartais chomhleanúnacha a thacaíonn leis an talmhaíocht, le feirmeacha teaghlaigh agus le pobail tuaithe.

Tá sé mar aidhm ag togra an Rapóirtéara le haghaidh Rialachán CBT athrú bunúsach a thabhairt isteach sa bheartas chun a áirithiú go mbeidh CBT oiriúnach don todhchaí. Is iad na tosaíochtaí atá ann an beartas a shimpliú tuilleadh, intuarthacht níos fearr a chur ar fáil do ghabháltais talmhaíochta, cistiú Eorpach a dhíriú ar bhealach níos éifeachtaí ar fheirmeoirí gníomhacha agus ar fheirmeacha teaghlaigh, agus ceantair thuaithe a neartú. Ag an am céanna, tá sé d'aidhm aige an talmhaíocht mar ghairm tharraingteach inbhuanaithe a threisiú.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil tacaíocht ioncaim athdháilte, le cúnamh spriocdhírithe do na chéad heicteáir, fós ina príomhionstraim chun tacú le feirmeacha beaga agus meánmhéide. Os a choinne sin, le sásra céimlaghdaitheachta a bheadh céimnithe go mion, chruthófaí ualaí breise riaracháin den chuid is mó gan tairbhí comhréireacha a sholáthar do ghabháltais talmhaíochta.

Ní mór neartú na gceantar tuaithe a bheith ina cholún lárnach de CBT i gcónaí agus ba cheart é sin a léiriú i leithdháileadh acmhainní agus i gceapadh ionstraimí beartais araon. Dá bhrí sin, teastaíonn cinnteacht pleanála fhadtéarmach agus creat airgeadais cobhsaí ó chláir forbartha tuaithe. Trí 75 % de bhuiséad CBT a leithdháileadh ar thacaíocht ioncaim agus 25 % ar fhorbairt tuaithe, soláthraítear an chothromaíocht cheart idir cobhsaíocht eacnamaíoch a áirithiú agus forbairt chríochach spriocdhírithe a chur chun cinn.

Braitheann inmharthanacht fhadtéarmach na gceantar tuaithe freisin ar dhaoine óga a mhealladh chuig an bhfeirmeoireacht. Dá bhrí sin, measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach tacaíocht d'fheirmeoirí óga a threisiú trí bhuiséad íosta tiomnaithe. Chomh maith le tacaíocht agus dreasachtaí airgeadais spriocdhírithe, is gá ualaí riaracháin a laghdú chun an fheirmeoireacht a dhéanamh níos tarraingtí do chomharbaí óga agus d'iontrálaithe nua san earnáil.

Tá ceantair thuaithe athléimneacha agus earnáil talmhaíochta iomaíoch atá dírithe ar an todhchaí de dhíth ar an Eoraip. Leis an Rialachán seo, cuirtear creat iontaofa ar fáil chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

IARSCRÍBHINN DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[4], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasmhara a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta éigeantach
European Federation of Food, Agriculture and Tourism Trade Unions (EFFAT)
Copamac
ProRurE e.V.
Deutscher Bauernverband e.V. (DBV)
Federation of Swedish Farmers
European Coordination Via Campesina (ECVC)
Arbeitsgemeinschaft Deutscher Tierzüchter (ADT)
Copa-Cogeca
Deutscher Raiffeisenverband e.V. (DRV)
Czech Agrarian Chamber (AKCR)
Agricultural Association of the Czech Republic (ZSCR)
Young Agrarians' Society of the Czech Republic (YAS CR)
Slovak Agriculture and Food Chamber (SPPK)
European Council of Young Farmers (CEJA)
Deutscher Imkerverband e.V.
Irish Farmers Associations
pureVeg
BirdLife
WWF
Verband Deutscher Hopfenpflanzer e.V.
Finnish Agriculture, Forestry and Cooperatives
Lombardy Region
NABU
Familienbetriebe Land und Forst
Land&Forst Betriebe Österreich
Compassion in World Farming
Yara
European Alliance for Regenerative Agriculture (EARA)
FACE
Eurogroup for Animals
FOUR PAWS
Farm Europe

[4] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

LandPerspektiven
Bayerischer Bauernverband
BEUC- The European Consumer Organsisation
Agéa- agent généraal d´assurance
European Industrial Hemp Association
Nestle
2. Ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
n/b
n/b

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.